Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Chartlann Náisiúnta i gcomhpháirt le Cartlann Ailtireachta na hÉireann chun an taispeántas 'Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann: Scéal Foirgnimh' de ghrianghraif, pleananna agus líníochtaí ailtireachta, léarscáileanna agus ingearchlónna, físeáin agus taifid a sábháladh a chur i láthair chun comóradh a dhéanamh ar léirscrios Oifig na dTaifead Poiblí ar an 30 Meitheamh 1922.

Áirítear le huailmhianta Chlár Cuimhneacháin na Cartlainne Náisiúnta béim a leagan ar an luach ollmhór comhroinnte atá lenár n-oidhreacht chartlainne agus ar an tábhacht atá le taifid Stáit a chaomhnú do ghlúnta reatha agus do na glúnta atá le teacht mar aon le haird a tharraingt ar ról na Cartlainne Náisiúnta maidir le 100 bliain i mbun náisiún a thógáil. Leanfar den chlár i gcaitheamh na bliana 2023 a bheidh ar an mbliain dheiridh de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Is trí mhaoiniú breise ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Catherine Martin TD a rabhthas in ann Clár Cuimhneacháin na Cartlainne Náisiúnta a chur i gcrích sa bhliain 2022.

**Orlaith McBride**  
*Stiúrthóir*

An Chartlann Náisiúnta  
Meitheamh 2023





# 01

## Reachtaíocht agus Rialúchán

1.1-1.7	<b>An Tacht Um Chartlann Náisiúnta, 1986</b>
1.8-1.13	<b>Reachtaíocht</b>
1.14-1.17	<b>Saoráil Faisnéise Agus Cosaint Sonraí</b>
1.18	<b>Reachtaíocht Eile agus Rialáil a Dhéanann Difear do Chartlanna</b>



## An Tacht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

- 1.1** Is é an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus na Rialacháin a rinneadh faoin Acht an príomhbhunús reachtach atá leis an gCartlann Náisiúnta. Nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm in 1988, tugadh Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann (a bunaíodh in 1867) agus Oifig na Stát-Pháipéar (a bunaíodh in 1702) le chéile chun an Cartlann Náisiúnta a chruthú.

### **Freagracht an Aire i leith na Cartlainne Náisiúnta**

- 1.2** Comhlacht reachtúil laistigh den státseirbhís is ea an Chartlann Náisiúnta. Nuair a bunaíodh í in 1988, is mar chuid de Roinn an Taoisigh a bhí sí.
- 1.3** Ó 1993 i leith, déanann an tAire ar a bhfuil freagracht maidir le hEalaíona agus Cultúr formhór na gcumhachtaí a thugtar don Taoiseach leis an Acht a fheidhmiú agus is é nó í an tAire sin an comhalta den Rialtas ar a bhfuil freagracht maidir leis an gCartlann Náisiúnta cé go ndéanann an Taoiseach fós roinnt cumhachtaí a bhaineann le taifid Roinne a fheidhmiú.

### **Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta**

- 1.4** Oibríonn an Chartlann Náisiúnta faoi rialú agus faoi bhainistiú an Stiúrthóra arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Aire agus é nó í freagrach don Aire. Tugtar achoimre ar fheidhmeanna an Stiúrthóra in Alt 4(1) den Acht. Tá na freagrachtaí seo a leanas ina measc:
- Rialú agus bainistiú na Cartlainne
  - Caomhnú, athchóiriú, eagrú agus tuairisciú cairteanna atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta
  - Cairteanna a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí de réir an Achta agus cóipeanna as cairteanna a sholáthar
  - Eolaithe, liostaí, innéacsáí agus áiseanna fála eile le haghaidh cairteanna a ullmhú agus cairteanna, áiseanna fála agus ábhar eile a bhaineann le cairteanna a fhoilsiú
  - Taifid Roinne a scrúdú agus a fháil de réir an Achta agus scrúdú a dhéanamh ar shocruithe i ndáil le caomhnú taifead Roinne
  - Taifid eile a bheidh oiriúnach le caomhnú ag an gCartlann Náisiúnta a fháil
  - Comhairle a thabhairt do chomhaltaí den Rialtas agus d'aon eagraíocht seirbhíse poiblí maidir le haon taifid faoina rialú a bhainistí, a chaomhnú agus a atáirgeadh



### **An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta**

- 1.5** Rinneadh foráil san Acht freisin maidir leis an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta a bhunú, agus ceapann an tAire a cuid comhaltaí. Is é an phríomhfheidhm atá ag an gComhairle ná comhairle a thabhairt don Aire le linn cumhachtaí a fheidhmiú faoi Acht 1986 maidir le gach ní a dhéanann difear do chairteanna a thagann faoi réim an Achta agus maidir le húsáid na gcairteanna ag an bpobal. Ceapadh comhaltaí reatha na Comhairle an 19 Iúil 2017 agus tháinig a dtéarma oifige chun deiridh ar an 18 Iúil 2022.
- 1.6** In 2022, sular tháinig a dtéarma oifige chun deiridh, tháinig Coiste Comhairleach na Cartlainne Náisiúnta le chéile trí huaire: an 15 Feabhra, an 26 Aibreán agus an 22 Meitheamh.

### **Tuarascálacha bliantúla**

- 1.7** Foráiltear le hAlt 21 den Acht go ndéanfaidh an Stiúrthóir tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta, go ndéanfaidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle agus go gcuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na tuarascálacha sin a leagan os comhair dhá Theach an Oireachtais.

## Reachtaíocht

- 1.8** In 2022, choimisiúnaigh an Chartlann Náisiúnta athbhreithniú ar chomparadóirí idirnáisiúnta de reachtaíocht um chartlann. Go háirithe, tugadh faoin athbhreithniú chun iniúchadh a dhéanamh ar an ról atá ag institiúidí den chineál céanna i ndlínsí eile maidir le bainistiú a dhéanamh ar shaolré ar fad taifead ón tráth a gcruthaithe nó go ndéantar iad a chur de lámh/a choinneáil go buan ar fud na státseirbhíse/na seirbhíse poiblí. Cuirfear an píosa oibre seo i gcrích in 2023.
- 1.9** Cuirfear san áireamh san athbhreithniú freisin an ról a d'fhéadfadh bheith ag cartlann náisiúnta maidir le caighdeáin a leagan amach chun taifid dhigiteacha a chruthú agus a chothabháil i rith a saolré, lena n-áirítear úsáid a bhaint as formáidí comhaid roghnaithe, sceidil choinneála, sonraíochtaí agus caighdeáin do bhonneagar digiteach agus maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar thaisclanna náisiúnta digiteacha agus ar a ról i ndáil le caighdeáin a leagan amach maidir le taifid ar pháipéar a chruthú agus a chothabháil i rith a saolré, lena n-áirítear sceidil choinneála agus stóráil.
- 1.10** Déanfar iniúchadh san athbhreithniú freisin ar an ról atá ag baill foirne tiomanta laistigh de chomhlachtaí aistrithe chun maoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí faoi reachtaíocht um chartlann náisiúnta maidir le taifid phoiblí a bhainistiú, a aistriú agus a chur de lámh, mar aon leis na himpleachtaí do chomhlachtaí ábhartha as ucht neamhchomhlíonadh maidir le reachtaíocht um chartlann náisiúnta, lena n-áirítear cur de lámh neamhúdaráithe agus gan taifid a aistriú.
- 1.11** Déanfar iniúchadh freisin ar an idirghníomhú idir reachtaíocht um chartlann náisiúnta le hoibleagáidí reachtúla eile maidir le taifid a choimeád, lena n-áirítear cosaint sonraí, saoráil faisnéise agus sonraí oscailte agus déanfar anailís ar thréimhsí coiscthe agus ar chearta rochtana, de bhreis ar oibleagáidí faoin reachtaíocht do 'áiteanna taiscthe' mar aon le hoibleagáidí atá ar eagraíochtaí tríú páirtí, lena n-áirítear eagraíochtaí atá laistigh de na réimsí oideachais, sláinte agus carthanachta.
- 1.12** Táthar ag súil go dtacófar le ról agus staid reachtúil leanúnach na Cartlainne Náisiúnta tríd an bpíosa oibre seo.

## Bainistiú taifead

### 1.13

I gcomhthéacs an athbheithnithe thuas agus d'fhonn fheabhas a chur ar bhainistiú taifead agus faisnéise i seirbhís phoiblí na hÉireann, ba chóir na cumhachtaí reatha atá ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, Alt 8(11) (b) agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, Alt 19(3) a fheidmiú chun rialacháin reachtúla a dhéanamh maidir le taifid a bhainistiú chun chur ar chumas na Cartlainne Náisiúnta treoirínte éigeantacha a eisiúint i ndáil le taifid a bhainistiú. Ba chóir go gcuirfí caighdeáin idirnáisiúnta i leith bainistiú taifead agus rialachas sonraí san áireamh agus aon rialacháin agus treoirínte a ndrúchtú, lena n-áirítear an Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Taifid a Bhainistiú, ISO 15489-1:2016 agus caighdeáin ghaolmhara. I gCodanna 3.8 go 3.17 thíos, tugtar tuairisc ar thaifid seirbhíse poiblí a bhainistiú.

Íomhá: Ag aimsiú áiseanna agus catalóg sa Seomra Léitheoireachta



## Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

### Saoráil Faisnéise

- 1.14** Tá tábhacht mhór ag baint le hAchtanna um Shaoráil Faisnéise na mblianta 1997, 2003 agus 2014 (na hAchtanna SF) d'obair na Cartlainne Náisiúnta. Rinneadh dlí d'Acht bunaidh na bliana 1997 ar an 21 Aibreán 1997 agus cuireadh réimse comhlachtaí poiblí breise leis ó shin i leith.
- 1.15** Tá an Chartlann Náisiúnta féin ar cheann de na comhlachtaí poiblí atá liostaithe sna hAchtanna um SF agus tá taifid atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta agus nach bhfuil ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal faoi réir na nAchtanna. Mar sin féin, luaitear in alt 46(2) den Acht um SF, 1997 nach bhfuil feidhm ag an Acht maidir le taifead atá ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na hAchtanna um SF maidir le cartlanna sa Chartlann Náisiúnta atá ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal.
- 1.16** Le linn 2022, ghníomhaigh an Chartlann Náisiúnta leis an Láraonad um Beartas maidir le SF sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid d'athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Acht na bliana 2014. Rinne an Chartlann aighneacht inar tarraingíodh aird ar líon ábhar inní, lena áiríodh easpa rialacháin maidir le taifid a bhainistiú a chuirtear san áireamh i reachtaíocht SF agus um Chartlann Náisiúnta araon. Léirigh an Chartlann Náisiúnta mar chuid dá haighneacht go bhfuil gá le cur chuige ardleibhéil i ndáil le go leor réimsí coimeáda taifead ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí d'fhonn cosaint an taifid phoiblí a chinntiú.

Áirítear leo sin rialacháin maidir le taifid a bhainistiú a thabhairt isteach agus straitéis um chaomhnú digiteach a fhorbairt don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí lena ndéantar éascaíocht ar thréimhsí coinneála cuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rangú a dhéanamh ar thaifid chun iad sin is fiú a choinneáil go buan mar chartlanna nó a chur de lámh mar thaifid neamhchartlainne a aithint nuair atá an fheidhm ghnó agus dlí dulta in éag. Ní féidir go leor de na saincheisteanna atá roimh an gCartlann Náisiúnta maidir lena ról chun taifid a chur de lámh a bhreithniú astu féin nó a chur i bhfeidhm ar bhonn roinne ar leith. Maidir le roinnt réimsí, teastaíonn cur chuige caighdeánaithe agus cartlannaíochta trí dhearadh i leith bainistiú faisnéise a thacaíonn le réimsí eile ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cur chuige córasach maidir le SF a chomhlíonadh. Tionóladh cruinniú i mí na Nollag 2022 chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an aighneacht.

### **Cosaint sonraí**

#### **1.17**

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 curtha i ngníomh in Éirinn tríd an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá gach eagraíocht, poiblí agus príobháideach araon, a phróiseálann sonraí pearsanta faoi réir fhorálacha RGCS. Áirítear gach Roinn Stáit agus comhlachtaí eile atá faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Trína cuid oibre le Ranna agus gníomhaireachtaí, tá sé tagtha ar iúl don Chartlann Náisiúnta go bhfuil neamhréireachtaí ann maidir le reachtaíocht cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus go bhfuil easpa feasachta agus oiliúna ann maidir leis an gcreat rialachais faisnéise níos leithne ina n-oibríonn an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí cé gur foilsíodh treoir agus go raibh caidreamh leanúnach ann ón gCartlann Náisiúnta.<sup>1</sup>

Tá na saincheisteanna a bhaineann le RGCS agus easpa bonneagair bainistithe faisnéise ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí leagtha amach i dtuarascálacha roimhe seo agus tá siad ann i gcónaí. Táim fós buartha maidir leis an easpa feasachta agus oiliúna atá leordhóthanach maidir le hoibleagáidí dlí i leith taifid phoiblí a bhainistiú agus an gá atá le cur chuige córasach maidir le taifid an Stáit a ghabháil, a bheith inrochtana agus a bheith inaimsithe.

## **Reachtaíocht Eile agus Rialáil a Dhéanann Difeardo Chartlanna**

#### **1.18**

In 2022, chuathas i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Scéim Íocaíochta na bhforas Máithreacha agus Naíonán 2022.

<sup>1</sup>[https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note\\_GDPR\\_V4.pdf](https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note_GDPR_V4.pdf).



# 02

## Acmhainní Corparáideacha agus Rialachas

2.1	<b>Straitéis</b>
2.2	<b>Leithdháiltí Airgeadais</b>
2.3–2.5	<b>Foireann</b>
2.6–2.7	<b>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)</b>
2.8–2.12	<b>Oibreacha Caipitiúla</b>
2.13–2.17	<b>Rialachas</b>



## Straitéis

**2.1** Le linn 2022, sheachadamar an dara plean corparáideach bliantúil den straitéis nua *Ár dTodhchaí a Mhúnlú i Ré na Faisnéise 2021–2025*.

### **Leagtar amach sa straitéis sraith tosaíochtaí don Chartlann Náisiúnta faoi chúig chuspóir straitéiseacha:**

- Cinnteoidh muid go bhfuil ár gcuid seirbhísí iomchuí agus go gcuirfear an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr chun cinn
- Déanfaidh muid ár gcuid seirbhísí digiteacha a fhorbairt d'fhonn rochtain níos fearr ar na taifid faoinár gcoimeád a chumasú, cuirfidh muid feabhas ar sheachadadh na seirbhíse poiblí agus méadóidh muid an caidreamh leis an bpobal trí chlár feabhsaithe oideachais agus caidrimh
- Déanfaidh muid taifid an Stáit a áirithiú agus a chaomhnú don ghlúin seo agus na glúnta atá le teacht
- Déanfaidh muid ár gcumas chun bheith mar cheannaire sa ré dhigiteach a fhorbairt
- Déanfaidh muid ár bhforas a neartú chun bheith ina Chartlann Náisiúnta atá nuálach, freagrúil agus dinimiciúil

### **Leagtar amach sa straitéis treochlár go ceann ceithre bliana lena múnlófar an plean corparáideach oibre don Chartlann Náisiúnta. Dírítear le huailmhianta na straitéise ar na nithe seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain 2025:**

- Beidh an Chartlann Náisiúnta ag obair ar fud an Rialtais, ag tacú le Ranna agus comhlachtaí chun a gcuid taifid reatha agus todhchaí a bhainistiú trí chreat nua náisiúnta
- Beidh saoráidí cartlainne tiomnaithe úrscothacha againn chun taifid an Stáit a chaomhnú agus a chosaint agus spásanna poiblí chun a chinntiú go mbeidh an pobal in ann rochtain a fháil ar na taifid sin agus taitneamh a bhaint astu
- Beidh cartlann digiteach nua againn agus an cumas aistriú líon ollmhór taifead digitghinte a bhainistiú
- Beidh aitheantas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar ár gcáil agus ár bpróifíl agus beidh ár n-eagraíocht oiriúnach don fheidhm, dinimiciúil agus nuálaíoch, ag tabhairt tacaíocht don fhoireann tiomanta atá againn

## Leithdháiltí Airgeadais

**2.2** Leagtar amach thíos na leithdháiltí airgeadais – ar leith ó phá na foirne buaine – arna gcur ar fáil don Chartlann Náisiúnta ó Vóta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2022.

**Miondealú ar leithdháiltí airgeadais na Cartlainne Náisiúnta ó 2019 go 2022 mar a taifeadadh sna Meastacháin Athbhreithnithe Bhliantúla i gcomhair Seirbhísí Poiblí <sup>2</sup>**

Cur síos an fho-mhírchinn	2019	2020	2021	2022
A.3 Reatha*	40,000	40,000	40,000	40,000
A.4 Reatha	1,315,000	1,315,000	1,715,000	1,715,000
A.4 Caipiteal	351,000	351,000	351,000	351,000

\*Deontas-i-gcabhair – fáltais chomhfhreagracha ó tháillí as cairteanna a chóipeáil etc

<sup>2</sup>Is chuig an gChartlann Náisiúnta agus chuig Coiste Comhairleach na Cartlainne Náisiúnta a dhéantar na leithdháiltí.

## Foireann

### Foireann nua

- 2.3** D'fhostaigh an Chartlann Náisiúnta naonúr cartlannaithe breise lánaimseartha 2022, caomhnóir sinsearach amháin eile, Coimeádaí breise nua, Bainistíocht Dhigiteach agus Cartlannaí Sinsearach nua. Léiriúar threo nua don Chartlann Náisiúnta a bhí sna baill foirne nua seo agus muid ag cur tús le forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn dhigiteach.
- 2.4** Faoi láthair, is 53 fostaí lánaimseartha an choibhéis lánaimseartha foirne atá ag an gCartlann Náisiúnta ag deireadh na bliana 2022.

### Plean fórsa saothair

- 2.5** Cuireann an Chartlann Náisiúnta plan bliantúil maidir le fórsa saothair faoi bhráid na Roinne. Cuireadh plan nua faoi bhráid na Roinne in 2022 chun na riachtanais ba ghá chun uailmhianta agus tosaíochtaí straitéis an fhorais, *Ár dTodhchaí a Mhúnlú i Ré na Faisnéise, 2021–2025*, mar aon leis an obair bhreise a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán, a léiriú.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

- 2.6** Ag obair i ndlúthchomhar le h na Roinne, comhcheanglaíodh ár bhfeidhmeanna TF le bonneagar TFC foriomlán na Roinne ar bhealach céimnithe in 2022.
- 2.7** Baineann foireann na Cartlainne Náisiúnta úsáid as Axiell Adlib for Archives, feidhmchlár bogearraí bainistithe bailiúcháin lena dtugtar cumas iomlán chun bailiúcháin chartlainne a bhainistiú chun an Caighdeán Idirnáisiúnta Ginearálta um Thuairisc Chartlainne a chomhlíonadh.



Íomhá: Seilfeanna soghluaiste ard-dlúis ar Shráid an Easpaig

## Oibreacha Caipitiúla

### Tionscadal Taisclainne Cairteanna

- 2.8** Chuir éifeachtaí díreacha Covid-19 ar thionscal na tógála isteach ar an gcur chun cinn maidir leis an Tionscadal Taisclainne Cairteanna a chur chun cinn, tionscadal lena mbaineann comhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí chun stóras ar cháilíocht cartlainne a fhorbairt laistigh den struchtúr trádstórais ag an bhfoirgneamh atá againn i Sráid an Easpaig. B'éigean tairiscintí a lorg an athuair don tionscadal ga deireadh na bliana 2022.
- 2.9** Mar gheall ar easpa spáis a leanann go fóill i Sráid an Easpaig, níl glacadh ag an gCartlann Náisiúnta ach amháin le haistrithe bliantúla ó líon beag ranna agus gníomhaireachtaí.
- 2.10** Rinneadh na spásanna oifige ar urlár 5 a athfhorbairt mar spás plean oscailte in 2022 chun saoráide na foirne a fheabhsú agus acmhainn a mhéadú.
- 2.11** Chomh maith leis sin, comhaontaíodh pleananna le OPW chun spás ar urlár na talún a athchóiriú chun spás a dhéanamh d'oifig ghinealais nua agus chun spás cruinnithe breise a chruthú do na baill foirne.



Iomhá: Áiseanna stórála sna Ceithre Cúirteanna

### Áitreabh ag na Ceithre Cúirteanna

- 2.12** Lean an Chartlann Náisiúnta ar aghaidh le háitiú an stórais taisclainne i bhfoirgneamh iar-Oifig Taifead Poiblí na hÉireann ag na Ceithre Cúirteanna le linn 2022 agus lean sí ar aghaidh le hathchóiriú na gcairteanna arna stóráil ansin chun dlús cóiríochta níos mó agus feabhsuithe móra sa timpeallacht stórála a bhaint amach.

## Rialachas

### Bainistiú priacal

#### 2.13

Lean an Chartlann Náisiúnta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a clár priacal in 2022 i gcomhréir le tosaíochtaí gnó.

### Aithníodh na priacail ard-leibhéal a leanas go háirithe:

- Moilleanna ar an Tionscadal Taisclanna Cairteanna mar gheall ar thionchar Covid-19 ar an earnáil tógála
- Moilleanna ar aistriú laethúil TFC chuig an Roinn
- Deacracht i ndáil le hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 mar gheall ar leibhéal foirne

### Sainfháil seirbhísí

#### 2.14

### Fuarthas na seirbhísí seo a leanas in 2022:

- Slándáil faoi fhoireann 24-uair an chloig
- Seirbhísí glantacháin
- Taifid staire a chatalógú
- Taispeántas ar camchuairt, dearadh agus bainistiú
- Déantúsaíocht agus suiteáil taispeántais
- Taifid a dhigitíú
- Sraith chartlannaíochta: Tionscadal Thaifid Oifig an Phríomh-Rúnaí
- Ábhar digiteach a chruthú: dialanna Mhichíl Uí Choileáin agus an Coiste Bunreacht

Tá caidreamh ann idir an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig um Sholáthar Rialtais ar bhonn leanúnach maidir leis an gcur chuige is fearr i ndáil e seirbhísí seachtracha a chur ar chonradh. Áirítear ar sin comhairle a fháil maidir leis an dea-chleachtas sainfhála agus tairiscintí a chur amach le haghaidh earraí agus seirbhísí trí chreata de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais más féidir é, agus rochtain ar an saineolas agus an luach ar airgead iomchuí á gcinntiú dá bharr sin. Oibríonn an Chartlann Náisiúnta go dlúth freisin leis an Aonad Sainfhála sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a cheanglais rialála agus tuairiscithe a chomhlíonadh maidir le sainfháil.



## **Plean Sábháilteachta agus Éigeandála Dóiteáin**

**2.15** Le linn 2022, leanamar ar aghaidh chun cur leis an dul chun cinn a bhí déanta sna blianta roimhe seo maidir le sábháilteacht dóiteáin. Coinníodh an chothabháil ar gach córas agus trealamh braite agus díothaithe dóiteáin chun dáta.

**2.16** Nuashonraíodh ár bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste in 2022 freisin.

## **An Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán**

**2.17** I ndiaidh an Plean Gnímh do Mharthanóirí agus Iar-Chónaitheoirí Árais Máithreacha agus Naíonán agus Teaghlaigh Chontae a fhoilsiú i mí na Samhna 2021, cheadaigh an Rialtas sraith tograí ard-leibhéil i mí an Mhárta 2022 maidir le Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán (NCCR) a bhunú.

I mí an Mheithimh 2022, thionóil an Chartlann Náisiúnta Foghrúpa Cartlainne le comhaltaí ó ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha ar páirtithe leasmhara iad. Ghníomhaigh mé mar Chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus thacaigh an Coimeádaí, Bainistiú Digiteach agus an Cartlainnaí Sinsearach, Bainistiú Digiteach liom i dtaca leis sin. Trí na ceapacháin seo a cuireadh i gcrích in 2022 déanfar maoirseacht ar phlean tionscadail don taisclann chartlainne an NCCR a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go gcuirfear le comhaltas an Fhoghrúpa in 2023 de réir mar a fhorbraíonn an tionscadal. Faoi láthair, áirítear leis an bhFoghrúpa ionadaithe ón Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige, Tusla, seirbhísí cartlainnaíochta údaráis áitiúla agus Údarás Uchtála na hÉireann.

Níor chóir scála agus castacht an tionscadail a ghanmheas agus beidh sé ina thasc suntasach agus ina phíosa oibre ar scála ollmhór+. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach bonneagar digiteach a fhorbairt don Chartlann Náisiúnta le go mbeifear in ann taifid a aistriú i ngach formáid, lena n-áirítear taifid digitghinte agus taifid ionadacha digitithe. Táthar ag súil go gcuirfear sruth digitithe ollmhór san áireamh sa tionscadal NCCR le go mbeidh teacht ar thaifid atá á gcoinneáil ag réimse comhlachtaí poiblí agus príobháideacha nach n-aistroidh chuig an gChartlann Náisiúnta ina leagan amach bunaidh. Tá an taisclann cartlainnaíochta laistigh den NCCR ina tionscadal a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint

leis trína gcuirfear rochtain ar thaifid de thráma institiúideach ar fáil do mharthanóirí agus dá dteaghlach, agus chun thaighde acadúil níos leithne a dhéanamh freisin.

Eisíodh uirlis iniúchta sonraí agus prótacal cuardaigh chuig comhaltaí an Fhoghrúpa d'fhonn sonraí cáilíochtúla a bhailiú maidir leis na cineálacha agus méideanna taifead atá á gcoinneáil, lena n-áirítear aird a dhíriú shaincheisteanna maidir le leagan amach, bail, rochtain, foinse agus ábhair inní maidir le cosaint sonraí. Úsáidfear an fhaisnéis tosaigh ardleibhéil seo chun dréachtphlean tionscadail a fhorbairt i dtús na bliana 2023. Chomh maith leis sin, scaipeadh dréacht-treoir maidir le bailiúcháin a dhigitiú ar chomhaltaí an Fhoghrúpa le barúlacha agus tuairimí a chur ar fáil ina leith.

I mí na Samhna, thug an Coimeádaí, an Chartlannaí Sinsearach agus an Caomhnóir Sinsearach cuairt ar oifigí na Roinne Oideachais i mBaile Átha Luain chun measúnú a dhéanamh ar thaifid an Aonaid um Shásamh i leith Foras Cónaithe (RIRU), lena n-áirítear taifid maidir le scoileanna saothair. Táthar ag súil go mbeidh go leor de na taifid staire atá á gcoinneáil ag an RIRU i measc na gcéad aistriithe chuig an gCartlann Náisiúnta mar chuid den tionscadal NCRR. Rinneadh plan tionscadail níos mionsonraithe chun an bailiúchán seo a aistriú a fhorbairt i ndeireadh na bliana 2022 agus tá teagmháil leis an Roinn Oideachais maidir lena chur i bhfeidhm ar bun go fóill.

Tháinig an Foghrúpa Cartlainne le chéile trí huaire i gcaitheamh na bliana 2022 chun réimse saincheisteanna a phlé, lena n-áirítear taifid atá laistigh de raon an tionscadail faoi láthair. Bhain an Grúpa Stiúrtha níos leithne leas as obair an fhoghrúpa seo. Chomh maith leis sin, táthar ag súil go gcuirfidh an obair seo le hobair an Fhoghrúpa Dlí agus Reachtaíochta a thionólfar i dtús na bliana 2023. Chomh maith leis sin, cuireadh teagmháil leis an OPW maidir leis riachtanais a moladh i leith na taisclainne agus cóiríochta cartlainne chun cinn in 2022. Trí seo, cuirfear leis na máistirphleananna atá le forbairt ag an OPW in 2023 do láithreán foriomlán an NCRR.

# 03

## Cairteanna a Fháil agus Seirbhísí Taifid don Rialtas

---

3.1–3.25	<b>Taifid Reatha</b>
3.26–3.40	<b>Bainistiú Cairteanna</b>

---



## Straitéis

- 3.1** Faigheann an Chartlann Náisiúnta taifid cartlainne arna gcruthú ag Ranna Stáit agus na cúirteanna ar gach leibhéal, dá ngairtear ‘taifid Roinne’ de réir an tsainordaithe dlíthiúil faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta taifid agus doiciméid de thionscnamh neamh-oifigiúil a fháil i gcás go measfar gur fiú iad a chaomhnú agus go gcuirfidh siad leis na sealbhúcháin atá ann cheana de thaifid Roinne nó gur fiú iad a chaomhnú agus baol ann go ndíothófar iad.

### **Príomh-Fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus Rialachán i ndáil le taifid Roinne**

- 3.2** San Acht, úsáidtear an téarma ‘taifid Roinne’ mar mhíniú ar thaifid de chuid na nithe seo a leanas:
- Ranna Rialtais
  - Na cúirteanna
  - Na comhlachtaí eile a liostaítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht agus
  - Coistí, coimisiúin agus binsí fiosrúcháin arna gceapadh ag an Rialtas, comhalta den Rialtas nó ag an Ard-Aighne
- 3.3** Féadfar na príomh-fhorálacha den Acht maidir le taifid Roinne a choimriú mar a leanas:

#### **Alt 7 – Taifid Roinne a choimeád agus a dhiúscairt**

Ní foláir taifid Roinne a chaomhnú mura n-údaróidh Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta nó oifigeach eile don Chartlann Náisiúnta a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag an Stiúrthóir, i scríbhinn, iad a dhiúscairt. Sula n-údarófar diúscairt, ní foláir don Stiúrthóir nó don oifigeach eile a bheith deimhin de nach fiú na taifid a chaomhnú sa Chartlann Náisiúnta.


### **Alt 8 – Taifid Roinne a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta**

Ní foláir, i gcoitinne, taifid Roinne atá níos sine ná 30 bliain d’aois a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta mar a gcuirfear ar fáil iad don phobal lena n-iniúchadh.

#### **Féadfaidh Roinn taifid áirithe a choimeád agus/nó iad a choimeád óna n-iniúchadh ag an bpobal sa chás amháin go mbeidh siad faoi chumhdach ag deimhnithe arna ndéanamh:**

- **Faoi Alt 8(2)** sa chéill go bhfuil siad i ngnáthúsáid sa Roinn sin nó go dteastaíonn siad i ndáil le riaradh na Roinne agus go gcuirfeadh a n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta isteach go mór ar riaradh na Roinne sin
- **Nó faoi Alt 8(4)** sa chéill, dá gcuirfí ar fáil iad don phobal lena n-iniúchadh:
  - a. Go mbeadh sin ar neamhréir le leas an phobail, nó
  - b. Gur sárú dualgais reachtúil nó sárú ar mheon macánta a bheadh ann nó a d’fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu a tugadh i modh rúin, nó
  - c. (Gur cúis tochsail nó contúirte do dhaoine beo a bheadh ann nó a d’fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu faoi dhaoine aonair, nó go mbeadh sé nó go bhféadfadh go mbeadh sé ina ábhar caingne le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhillleadh

Ní foláir aon deimhniú den sórt sin a bheith arna dhéanamh ag oifigeach a bheidh ar chéim Príomh-Oifigigh ar a laghad a bheidh ceaptha ag Ard-Rúnaí na Roinne mar Oifigeach Deimhniúcháin. Maidir le deimhnithe arna ndéanamh faoi Alt 8(4) ag Oifigigh Deimhniúcháin, seachas Roinn an Taoisigh, is gá toiliú roimh ré ó dhuine de na hOifigigh Toilithe de chuid Roinn an Taoisigh ina leith.



Íomhá: Seilfeanna soghluaiste ard-dlúis ar Shráid an Easpaig

### **Taifid Roinne a ullmhú lena n-aistriú**

- 3.4** Faoi Rialachán 5 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, Rialacháin, 1988, tá Ranna freagrach as sceidil a ullmhú ina liostaítear taifid atá le haistriú, as a dtaifid a eagrú, a uimhriú, a ghlanadh, a phacáil agus a lipéadú agus as iad a iompar go dtí an Chartlann Náisiúnta, agus na nithe sin go léir de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Stúirthóir mura mbeidh socruithe malartacha ceadaithe roimh ré ag an Stúirthóir.

### **Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais**

- 3.5** Is é Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais an rannán riaracháin laistigh den Chartlann Náisiúnta a bhfuil de fhreagracht air taifid Roinne a bhreithmheas, a bhailiú agus a bhainistiú chun iad a chaomhnú. Tá an rannán comhdhéanta de dhá aonad, Bainistiú Ábhar Cartlainne agus Taifid Reatha, arna mbainistiú ag beirt Chartlannaithe Sinsearacha faoi mhaoirseacht Coimeádaí.

## Taifid Reatha

### Aonad na dTaifead Reatha

**3.6** Déanann an Chartlann Náisiúnta iarracht, laistigh de chumhachtaí agus acmhainní reachtúla teoranta, treoir a chur ar fáil do Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí maidir lena gcuid taifead a bhainistiú, lena n-airítear na comhlachtaí sin atá faoi réir an Achta agus iad sin atá lasmuigh den raon.

**3.7** Le halt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 ceadaítear do Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta údarú a thabhairt chun taifid nach fiú a choinneáil mar ábhar cartlainne a dhiúscairt. Trí idirghabháil a dhéanamh go luath i saolré taifead, déantar éascaíocht ar chur chuige i leith na cartlannaíochta trí dhearadh i ndáil le taifid a choinneáil agus cuidítear le cur chuige córasach a chinntiú maidir le taifid a bhainistiú, acmhainní a leithdháileadh, stóráil a phleanáil agus costais idirghabhála le himeacht aimsire.

Le linn 2022, ardaíodh an Cartlannaí Sinsearach i dTaifid Reatha ina Choimeádaí chun ceannaireacht a thabhairt don Rannóg um Bainistíocht Dhigiteach. Níos déanaí sa bhliain, ardaíodh an cartlannaí i dTaifid Reatha ina Chartlannaí Sinsearach freisin agus bhog an cartlannaí chuig an Rannóg nua. D'fhonn roinnt leanúnachais a chinntiú, lean an bheirt d'oibriú ar iarratais ar dhiúscairt agus ar aon obair a bhí idir lámha cheana féin a thabhairt chun críche. Táthar ag súil go mbeidh an duine atá le teacht in ionad an Chartlannaí Sinsearaigh ag tabhairt faoina ról in 2023.

### Bainistiú taifead sa státseirbhís

**3.8** Tá priacal tromchúiseach fós ag baint leis an easpa rialachán bainistithe taifead atá sa státseirbhís maidir le taifid poiblí a chaomhnú. Lean an bhuairet faoi oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta agus um chosaint sonraí le linn 2022, rud a d'fhág líon mór fiosruithe don Chartlann Náisiúnta.

Tá na buarthaí leanúnacha sin ann go díreach mar gheall ar an easpa rialachán bainistithe taifead agus easaontacht comhairle maidir le sonraí pearsanta a choimeád. Lean Aonad na dTaifead Reatha dá theagmháil réamhghníomhach leis an státseirbhís agus comhlachtaí poiblí ar feadh na bliana 2022 mar iarracht chun leanúint de phróifíl na Cartlainne Náisiúnta a mhéadú agus labhairt ar son an ghá atá le bonneagar cuí chun taifid a choinneáil.



**3.9 Le linn 2022, rinneadh cuir i láthair sna comhlachtaí sibhialta agus seirbhíse poiblí seo a leanas maidir le taifid a bhainistiú, cartlanna, cosaint sonraí agus oibleagáidí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986:**

- An Oifig Luachála
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**3.10** Tá buairt ann i gcónaí mar gheall ar na saincheisteanna ar díriodh aird orthu i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo maidir le comhlachtaí nach dtagann faoi réim an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 i dteannta an easpa straitéise maidir le taifid phoiblí a chaomhnú go digiteach. In éagmais caighdeáin éigeantacha chun taifid agus sonraí oifigiúla Rialtais a bhainistiú, beidh baol ar chaillteanas ann i gcónaí sa taifead poiblí agus beidh an Rialtas freagrach as cliseadh ar leas páirtithe leasmhara agus saoránach a chosaint.

**3.11** Lean Ranna de bheith ag brath an iomad ar sholáthraithe stóras tráchtála do thaifid chun taifid pháipéir a bhainistiú agus gan straitéisí maidir le caomhnú digiteach agus cur chuige caighdeán-bhunaithe maidir le bainistiú faisnéise leanfaidh an pricacal go gcaillfear taifid phoiblí nó nach mbeidh rochtain orthu. Is ábhar buartha i gcónaí é caighdeán chuid de na soláthraithe stóras tráchtála atá á n-úsáid ag Ranna Rialtais.

**3.12** Le linn 2022, lean an Chartlann Náisiúnta de chaidreamh le cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead a ceapadh i roinnt Ranna agus comhlachtaí poiblí agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá tionchar á imirt ar an bhfeasacht ar oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta ag cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead a bheith lonnaithe i Ranna chomh maith le caidreamh méadaithe leis an gChartlann Náisiúnta. Le linn 2022, tionóladh trí chruinniú den Líonra Cartlannaithe Stáit agus Bainisteoirí Taifead. Tá an Chartlann Náisiúnta i gceannas ar an tionscnamh seo agus i mbun tacaíocht rúnaíochta a chur ar fáil.

**3.13** Níl aon ról reachtúil fós ag an gCartlann Náisiúnta faoin reachtaíocht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú taifead sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí. Cé gur féidir linn comhairle a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann le taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan mar chairteanna, níl aon údarás againn comhlíonadh a fhorfheidhmiú. Leanann Éire de bheith ina hasluiteach sa mhéid sin i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta araon. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh go práinneach ar reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta chun forbairt i gcleachtais choimeádta taifead ó 1986 i leith a chur san áireamh, lena n-áirítear an méadú ar líon agus castacht taifead digitghinte agus an tionchar ag reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise ar thaifid phoiblí a bhainistiú, a chaomhnú agus rochtain a bheith orthu. Féach tagairt roimhe seo d'aighneacht ón gCartlann Náisiúnta maidir leis an athbhreithniú reatha ar fheidhmiú SF. Tríd an athbhreithniú seo ar SF, cuirtear deis ar fáil chun cuid den athrú atá de dhíth tarlú.

**3.14** **Le linn 2022, thug Aonad na dTaifead Reatha aiseolas agus comhairle do roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú taifead agus beartais choimeádta de réir mar a léirítear thíos:**

- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Iompair
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Oifig Luachála
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**3.15** Cé gur ábhar dóchais é go bhfuil go leor comhlachtaí ag déileáil le bainistiú taifead mar ní tromchúiseach, tá difríocht mhór ann i gcónaí maidir le caighdeán na mbeartas atá forbartha agus an tuiscint go foriomlán i dtaobh coincheapanna agus forbairtí maidir le taifid a choimeád. I roinnt cásanna ní bhíonn gníomh leantach ann ná ní chuirtear an beartas bainistithe taifead i ngníomh agus táthar ag leanúint d'acmhainní nach leordhóthanach a chur ar fáil don bhainistiú taifead ag an leibhéal Rannach agus gníomhaireachta.

Léiríonn go leor den doiciméadacht an bhuairt maidir le cosaint sonraí agus ní chuirtear i gcuntas léi na hoibleagáidí níos leithne maidir le taifid a choimeád, lena n-áirítear oibleagáidí reachtúla faoin reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta. Cé go bhfáiltítear roimh ghairmithe faisnéise a earcú i roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí, is eisceachtaí iadsan i gcónaí agus braitear nach dteastaíonn aon eolas ná scileanna speisialtóra maidir le bainistiú taifead. Is ról speisialtóra atá i gceist le faisnéis a bhainistiú a dteastaíonn foireann lánaimseartha agus dheao-oilte ina leith chun tuiscint a bheith ann ar na castachtaí iomchuí dlí, eitice agus eagraíochtúla a thagann chun cinn.

**3.16** In 2021, d'fhoilsigh Aonad na dTaifead Reatha sceideal coinneála ar líne maidir le haicmí taifead riaracháin ghinearálta a mbítear ag teacht orthu ar fud na Ranna agus gníomhaireachtaí státseirbhíse ar fad. Cé go bhfuil sé ina chúis le comhsheasmhacht níos fearr i ndáil le taifid a aithint lena gcaomhnú go buan agus go dtagraítear dó go forleathan, ní eisítear an sceideal coinneála ach mar threoir amháin mar gheall ar easpa cumhachtaí reachtúla agus níl aon údarás ag an gCartlann Náisiúnta comhlíonadh a dhéanamh éigeantach, arb é an toradh atá air sin go bhfuil taifid á gcoinneáil i gcónaí ar feadh tréimhse níos faide ná a n-úsáid ghnó agus go bhfuil taifid á ndiúscairt gan an t-údarú riachtanach a fháil ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.



Íomhá: An tAire Pascal Donohue TD agus Orlaith McBride, Stúirthóir

### **Bainistiú taifead sa Chartlann Náisiúnta**

#### **3.17**

Le linn 2022, rinneadh an córas bainistithe doiciméad eDocs a leathadh amach chuig an Aonad um Bainistiú Digiteach. Tá obair ullmhúcháin chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht mar ullmhúchán d'úsáid an chórais coimeáda taifead digiteach seo a mhéadú ar bhun leanúnach.

Tríd an gcóras a leathadh amach laistigh den Chartlann Náisiúnta, cuirfeadh le maoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar ár dtaifid ghnó féin mar aon le staid straitéiseach a chur ar fáil ónár féidir ionchur bainistithe cartlainne agus taifead a chur ar fáil do chomhghleacaithe in Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise (OGCIO). Táthar ag súil go ndéanfaidh uasgrádaithe don bhonneagar ICT éascaíocht ar chur i bhfeidhm an chórais le linn 2023.

### Breithmheas ar thaifid Roinne

#### 3.18

Ní foláir taifid roinne a chaomhnú, mura ndéanfaidh Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir chun na críche sin, údarú i scríbhinn a thabhairt chun iad a dhiúscairt. Sula ndéanfaidh an Stiúrthóir nó an t-oifigeach ainmnithe diúscairt a údarú, ní mór dó nó di a bheith deimhin de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na taifid a chaomhnú. Maidir le hiarratais ar dhiúscairt cairteanna a mheasúnú, is gá na taifid agus na feidhmeanna gnó agus próisis ghnó arna ndoiciméadú iontu a bhreithmheas go cúramach. Faoi láthair, baineann formhór na n-iarrataí chun taifid a dhiúscairt le taifid seanpháipéir leagáide.

Cé go gcuirtear fáilte roimh iarrachtaí dul i ngleic le saincheisteanna leagáide, ní foláir do Ranna agus gníomhaireachtaí a bheith réamhghníomhach maidir le taifid reatha a bhainistiú chun a chinntiú nach dtarlóidh cuid de na saincheisteanna sin arís. Tá iarracht déanta ag an Aonad Taifead Reatha a bheith réamhghníomhach agus praiticiúil le linn dó iarratais a mheasúnú, lena n-áirítear údarú a mholadh chun diúscairt a dhéanamh go leanúnach fad a bheidh sraith taifead ag fabhrú. Cheal rialacháin bainistithe taifead, fágann laige sa reachtaíocht reatha nach féidir leis an gChartlann Náisiúnta, ar leibhéal praiticiúil, údarú ginearálta diúscairt a sholáthar maidir le taifid ar léir nach bhfuil aon luach cartlainne leo seachas a bhfeidhm gnó.

Le linn 2022, lean an Cartlannaí Sinsearach agus an cartlannaí, Aonad na dTaifead Reatha, ar aghaidh leis an tionscadal chun taifid arna gcruthú ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) a bhreithmheas. Cé gur in 2014 a bunaíodh é, fuarthas amach go bhfuil an CCPC faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 faoi leasú neamhthéacsúil a rinneadh ar an Acht trína ndéantar tagairt i reachtaíocht bhunaithe an chomhlachta nua do chomhlacht atá ann cheana féin atá liostaithe sa sceideal atá ag gabháil leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, is féidir glacadh leis gur tagairt é sin don chomhlacht nua. I gcás an CCPC, is féidir glacadh leis gur ionann tagairt d'Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí, ar comhlacht é atá liostaithe sa sceideal atá ag gabháil leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus tagairt don CCPC agus gurb é an toradh atá air sin go bhfuil an comhlacht seo anois faoi réir reachtaíochta a bhí ann sular bunaíodh é.

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná breithmheas córasach ar thaifid ghnó reatha agus ar ionchur maidir le sceidil choinneála a fhorbairt mar aon le treoir maidir le struchtúir fhéideartha i ndáil le haicmiú agus fillteáin. Cinnteofar leis an tionscadal sin go sainaithneofar taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan laistigh den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus cabhróidh sé chun cur chuige caomhnaithe deartha maidir le taifid a choimeád laistigh den eagraíocht a fhorbairt. Beidh sé freisin ina chruthúnas coincheapa don Chartlann Náisiúnta le linn cur chuige níos foriomláine a fhorbairt maidir le measúnacht a dhéanamh ar thaifid phoiblí i dtimpeallacht digiteach nuálaíoch. Cé gur cuireadh isteach ar dhul chun cinn mar gheall ar an bpaindéim Covid-19, leanadh den obair le linn 2021 agus 2022. Ag deireadh na bliana 2022, ní raibh ach líon beag saincheistenna fós le réiteach agus táthar ag súil iad seo a chur i gcrích in 2023.

Le linn 2022, thug an Chartlann Náisiúnta faoi mheasúnú mionsonraithe a dhéanamh ar thaifid cúirte sna Cúirteanna Uachtaracha agus Cuarda agus Cúirteanna Dúiche. In imeacht tréimhse roinnt míonna, cuireadh suirbhéanna i gcrích i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte, an Príomh-Chúirt Coiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus an Chúirt Uachtarach. Cuireadh suirbhé breise i gcrích in oifigí na Cúirte Dúiche agus Cuarda i bPort Láirge. Dréachtaíodh dhá thuarascáil mhionsonraithe i ndiaidh na measúnuithe seo agus cuireadh iad sin faoi bhráid na Seirbhíse Cúirteanna chun tacú lena clár leanúnach i am chlaochlú digiteach.

Chomh maith leis sin, cuireadh treoir leanúnach ar fáil mar chuid de sceidil choinneála a dhréachtú do thaifid de chuid cúirteanna agus na Seirbhíse Cúirteanna. Chuir an tSeirbhís Cúirteanna iarratas isteach chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le go gcuirfí í le sceideal an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Trí sin, cinnteofar go mbeidh na taifid ar fad a chruthaíonn, a fhaigheann agus a choinníonn na cúirteanna agus an tSeirbhís Cúirteanna faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus go n-éascófar níos mó rannpháirtíochta idir an tSeirbhís Cúirteanna agus an Chartlann Náisiúnta, lena n-áirítear torthaí na dtuarascálacha a chur i bhfeidhm.



Iomhá: Measúnú á dhéanamh ar tháífid a aistriódh le déanaí

### 3.19 Tá liosta in Aguisín B maidir leis na hiarratais ar dhiúscairt ar fad a ceadaíodh agus a diúltaíodh in 2022.

In ainneoin atheagrú na mball foirne inmheánach, bhí 2022 ina bliain an-ghnóthach don Chartlann Náisiúnta i ndáil le diúscairt a údarú. Eisíodh 205 deimhniú um dhiúscairt arbh é an toradh a bhí orthu sin léirscrios rialaithe níos mó ná 14,000,000 taifead nárbh fhiú iad a chaomhnú go buan mar chairteanna agus inar tháinig deireadh lena bhfeidhm ghnó nó dlí. Bhain an chuid is mó de na taífid seo le taífid maidir le gníomhaíochtaí próiseála agus le taífid ina raibh cóip déanta d'fhaisnéis i bhfoinsí eile. I ngach cás, bhí an t-údarú maidir le diúscairt faoi réir líon coinníollacha. Bhí sé seo ina chúis le coigilteas leanúnach don Státchiste agus le hoibleagáidí faoi reachtanna eile, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Dhiúltaigh an Chartlann Náisiúnta do dhiúscairt a údarú in dhá chás ar na forais gurbh fhiú na taífid a chaomhnú mar chairteanna buana.

Tá obair Aonad na dTaifead Reatha ina léiriú ar an obair luachmhar a rinne an Chartlann Náisiúnta i ndáil le dea-chleachtas maidir le bainistiú taifead a chur chun cinn. Tá sé ina léiriú freisin ar an tábhacht atá leis an ról reachtúil maoirseachta atá ag an gChartlann Náisiúnta i ndáil le diúscairt taifead poiblí a údarú lena chinntiú go ndéantar taífid ar fiú iad a chaomhnú mar chairteanna a choinneáil go buan.

**3.20 Rinneadh riaráiste beag in iarratais ar dhiúscairt a bhí ann mar gheall ar mhoilleanna de bharr Covid-19 a ghlanadh le linn 2022. Rinneadh suirbhéanna ar thaifid sna Ranna agus gníomhaireachtaí ag na láithreacha seo a leanas:**

- An Oifig Luachála, Baile Átha Cliath
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Luimneach
- An Roinn Dlí agus Cirt, Baile Átha Cliath
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Na hUaschúirteanna, Baile Átha Cliath
- An Chúirt Dúiche agus Chuarda, Port Láirge
- Óglaigh na hÉireann, an Chartlann Mhíleata, Baile Átha Cliath
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Baile Átha Cliath
- An Roinn Iompair, Baile Átha Cliath
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Baile Átha Cliath
- An Roinn Airgeadais, Tulach Mhór agus Baile Átha Cliath
- An Roinn Sláinte, Baile Átha Cliath
- Oifig na nOibreacha Poiblí, an Mhí
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Baile Átha Cliath
- Pobal, Baile Átha Cliath
- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, Baile Átha Cliath
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath

**Chomh maith leis sin, rinneadh suirbhéanna i roinnt comhlachtaí neamhsceidalta agus cuireadh treoir ar fáil. Áirítear leo sin:**

- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
- CIÉ
- Ospidéal Meabhairghalair Ghráinseach Ghormáin



### **Sonraí Oscailte**

- 3.21** Is beag dul chun cinn a rinneadh maidir lenár straitéis Sonraí Oscailte le linn 2022. Mar ghairmithe faisnéise, tugaimid aitheantas iomlán don tábhacht atá leis na sonraí a choinnímid agus don acmhainn atá lena n-úsáid ag earnálacha éagsúla mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Shonraí Oscailte. Leanadh ar aghaidh le hobair theoranta maidir le tacair shonraí a ullmhú lena scaoileadh. Táthar ag súil le dul chun cinn sa réimse seo 2023 de réir mar a thagann feabhas ar bhonneagar digiteach na Cartlainne Náisiúnta.

### **Comhaltas i nGasra Oibre Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh um Thimpeallacht Dhigiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha**

- 3.22** In 2022, lean an Cartlannaí Sinsearach, Aonad na dTaifead Reatha (Coimeádaí, Bainistiú Digiteach) d'ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i nGasra Oibre an Choimisiúin Eorpaigh um Thimpeallacht Dhigiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha. Is ar líne a tionóladh na cruinnithe ar fad in 2022.

### **Tionscadal ríomh-Chartlannaithe**

- 3.23** D'fhreastail an Cartlannaí Sinsearach agus an cartlannaí, Aonad na dTaifead Reatha, ar roinnt sheimineáir ghréasáin maidir le dul chun cinn an tionscadail ríomh-Chartlannaithe.

Íomhá: Cartlannaí ar dualgas sa Seomra Léitheoireachta



## Bainistiú Cairteanna

### An tAonad Bainistithe Ábhar Cartlainne

- 3.24** Is é an ról atá ag an Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne ná cairteanna a fhaigheann an Chartlann Náisiúnta, cibé acu ó Ranna Stáit agus comhlachtaí eile de réir Alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 nó trí dheonacháin ó phearsana aonair príobháideacha, eagraíochtaí agus forais a fhorshealbhú agus a chatalógú. Mar gheall ar ról reachtúil na Cartlainne Náisiúnta, tá obair an Aonaid Bainistithe Ábhar Cartlainne dírithe ar thaifid arna n-aistriú ag Ranna Stáit agus comhlachtaí eile atá faoi réir an Achta.
- 3.25** **Taifid arna nAistriú ag Ranna Stáit, lena n-áirítear na Cúirteanna**  
Mar gheall ar an mbuaneaspa cóiríochta do chairteanna, níor éirigh leis an gChartlann Náisiúnta riamh réimse iomlán na dtaifead Roinne atá dlite lena n-aistriú a ghlacadh agus is bac an méid sin ar Ranna cláir oibre chórasacha a thionscnamh chun taifid a ullmhú lena n-aistriú de réir oibleagáidí dlíthiúla. Tá ráiteas maidir leis an staid i leith aistriú taifead amhail an 31 Nollaig 2022 leagtha amach i bhFoscúbhinn A.
- 3.26** Bhíothas ag súil gur sa bhliain 2022 a gheobhadh an Chartlann Náisiúnta líon níos mó aistrithe ó Ranna Stáit mar gheall ar na srianta ionaid oibre a leagadh ar státseirbhísigh le linn bhlianta 2020 agus 2021 na paidéime Covid-19. Mar sin féin, ós rud é gur ghlac go leor baill foirne i Ranna Stáit le cleachtais oibre cumaisc i ndiaidh na paidéime, níor ullmhaíodh na taifid a bhí le haistriú.
- 3.27** Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, fuarthas taifid a bhí 30 bliain d'aois ó thrí Roinn Stáit déag agus ón gCúirt Uachtarach a chuimsigh caoga aistriú ar leith. Áiríodh leis sin aistriú suntasach ó Cheanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus ó sheacht déag ambasáid agus misean.<sup>3</sup>
- 3.28** In 2022, aimsíodh taifid a bhain leis an tréimhse roimh bhunú an Stáit agus aistríodh iad chuig an gChartlann Náisiúnta ón Roinn Airgeadais, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ón Roinn Dlí agus Cirt. (Féach Foscúbhinn A).

<sup>3</sup>D'aistrigh Ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha 6350 comhad, de bhreis ar 8759 comhad ambasáide agus misin.

- 3.29** In 2022, leanadh ar aghaidh le hullmhúcháin chun taifid a aistriú faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018.<sup>4</sup> Bhíothas ag súil go n-aistreofaí taifid Angla-Éireannacha ó 1999 go 2002 chuig an gCartlann Náisiúnta le linn 2022. Le comhoibriú leanúnach ó na Ranna Stáit ábhartha, is iad sin Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Aighne agus le tiomantas agus cur i bhfeidhm bhaill foirne an Aonaid um Bainistiú Ábhar Cartlainne, lena n-airítear seisear cartlannaithe ar conradh, ullmhaíodh taifid ó 1998 go 2002. Bhí na haistrithe réidh do réamhléirmheas na meán i mí na Nollag 2022 agus lena scaoileadh ar an bpobal i mí Eanáir 2023.<sup>5</sup>
- 3.30** Toisc gur tugadh isteach cleachtas oibre cumaisc agus mar gheall ar aistrithe breise de thaifid Angla-Éireannacha a fuarthas faoin Acht um Chartlanna Náisiúnta (Leasú), 2018, níor phróiseáil an tAonad Bainistithe Ábhar Cartlainne na haistrithe ar fad le linn 2022. Leanfar den obair seo in 2023. Tá na taifid a d'aistrigh Ranna Stáit leagtha amach i bhFoscábhinn A1, Tábla 3.
- 3.31** Tá mórfháilte le cur roimh chartlannaithe gairmiúla/bainisteoirí faisnéise a bheith i líon níos mó Roinn Rialtais agus comhlacht. Is céim riachtanach atá i gceist ansin chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe riaráiste stairiúla ó chomhlachtaí atá faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Ceapadh na cartlannaithe nua buana sa Roinn Iompair agus in Oifig na Coimisinéirí Ioncaim in 2022.

<sup>4</sup> Scaoileadh na taifid faoi cheithre Ionstraim Reachtúil: I.R. Uimh. 660/2022 – An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) Ordú 2022; I.R. Uimh. 661/2022 – An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 2) Ordú 2022; I.R. Uimh. 662/2022 – An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 3) Ordú 2022; I.R. Uimh. 663/2022 – An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 4) Ordú 2022.

<sup>5</sup> Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, scaoil Roinn an Taoisigh ceithre aistriú breise, 1996–1999; an Roinn Gnóthaí Eachtracha, dhá aistriú breise, 1997–1998; an Roinn Dlí agus Cirt, cúig aistriú breise, 1997–2002 agus Oifig an Ard-Aighne, aistriú breise amháin, 1973–2000.



### 3.32

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, dlítear taifid de chuid na gcúirteanna, lena n-áirítear taifid a bhaineann le probháid, a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta agus a scaoileadh lena n-íniúchadh ag an bpobal nuair a bheidh siad 30 bliain d’aois. Roimhe sin, áfach, bhí taifid den sórt sin dlite lena n-aistriú go dtí coimeád cartlainne nuair a bhí siad 20 bliain d’aois faoin Public Records (Ireland) Act, 1867.

Cinneadh, tar éis cruinniú le hionadaithe ón tSeirbhís Chúirteanna i mí Meán Fómhair 2015, go ndéanfaidh na cúirteanna, go sealadach, scor de thaifid a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta go dtí go ndéanfaí cinneadh críochnaitheach maidir le taifid ar bhain saincheisteanna cosanta sonraí leo a scaoileadh le haghaidh comhairliúchán poiblí agus stádas foriomlán na Seirbhíse Cúirteanna féin a thabhairt chun rialtacha i dtaca lena gaol leis an Acht um Chartlann Náisiúnta. Táthar ag súil go dtosófar an athuair ar thaifid na gcúirteanna a aistriú in 2023 i ndiaidh obair mheasúnaithe Aonad na dTaifead Reatha a chur i gcrích agus tús a chur le tionscadal aistrithe píolótach. Le linn 2022, d’aistrigh an Chúirt Uachtarach líon mór taifead de chomhaid staire. Tugtar achoimre i bhFoscúbhinn A thíos maidir leis an staid maidir le haistriú thaifid na gcúirteanna.

### Aistriú taifead ag comhlachtaí sceidealta

- 3.33** Níl an Chartlann Náisiúnta fós in ann cainníochtaí móra taifead a fhorshealbhu atá dlite lena n-aistriú ó go leor de na 61 chomhlacht atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta fad atáthar ag feitheamh ar chóiríocht do chairteanna trí chríochnú an Tionscadail Taisclainne Cartlainne, atá le tosú in 2023.
- 3.34** Mar gheall ar iarmhairt na paindéime Covid-19, cuireadh isteach ar an líon aistrithe ó chomhlachtaí sceidealta in 2022. Rinne Oifig an Ard-Aighne aistriú i bpáirt dá sraith cláraithe maidir le hábhar 'SR' don bhliain 1992 ach ní raibh an Oifig in ann comhaid na nDréachtóirí Parlaiminte ('PC') a aistriú. Mar sin féin, d'aistrigh Oifig an Ard-Rúnaí don Uachtarán a gcuid aistrithe 2021 agus 2022 de chomhaid 1991–1992 in 2022. Chom maith leis sin, fuair an Chartlann Náisiúnta aistrithe ón gCoimisinéir Luachála agus ón bPríomh-Shuirbhéir Teorann a bhain leis an Oifig Luachála don tréimhse 1843 go 1996. Tugtar achoimre ar na taifid a shealbhaigh comhlachtaí sceidealta i bhFoscúbhinn A.
- 3.35** In 2022, bhí An Bord Pleanála ar an gcéad chomhlacht a cuireadh le liosta na gcomhlachtaí sceidealta a luaitear san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.<sup>6</sup>

**Íomhá:** Úsáid á baint as doiciméid stairiúla chun taighde a dhéanamh



<sup>6</sup>Faoi alt 1(2)(d) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, I.R. Uimh. 359 de 2022.

### **Oiliúint maidir le taifid a aistriú**

#### **3.36**

Cuireann Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais oiliúint ar fáil do Ranna Rialtais, comhlachtaí sceidealta agus na cúirteanna maidir le taifid a ullmhú lena n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta. Cuireann foireann ón Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne den Rannán Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais an leathlá oiliúna i láthair. Mar thoradh ar na seisiúin oiliúna seo, tá feabhas tagtha ar chaighdeán na n-aistrithe go dtí an Chartlann Náisiúnta agus ar an gcumarsáid idir státseirbhísigh agus foireann san Aonad.

### **Cuireadh oiliúint ar fáil don 15 Roinn Stáit agus comhlacht sceidealta seo a leanas in 2022<sup>7</sup>:**

- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Roinn na Gaeltachta
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Dlí agus Cirt
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Iompair
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Oifig an Ard-Aighne
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Oifig an Ard-Rúnaí don Uachtarán
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- An Chúirt Uachtarach
- An Oifig Luachála

<sup>7</sup>Áiríodh leis an oiliúint maidir le taifid a aistriú agus ceardlanna liostaithe. D'fhreastail 107 státseirbhíseach ar oiliúint in 21 seisiún le linn 2022.

### **Scaoileadh réamhléirmheas na meán i mí Eanáir 2023**

**3.37** Gach mí Nollag, cuirtear roghnúchán de thaifid atá le scaoileadh ag Ranna Stáit agus comhlachtaí sceidealta an mhí Eanáir dár gcionn ar fáil d'ionadaithe na meán ag réamhamharc sa Seomra Léitheoireachta.

**3.38** Cuireadh cosc ar aon fhaisnéis ó na taifid a cuireadh ar fáil don réamhamharc do na meáin a fhoilsiú nó a chraoladh roimh 00:01 Dé Céadaoin an 28 Nollaig 2022. Idir an 5 agus an 9 Nollaig 2022, bhí beagnach 9000 comhad ar fáil inár Seomra Léitheoireachta d'ionadaithe éagsúla ó na meáin le breathnú orthu, a bhí ina chúis le clúdach fairsing ar fud ardáin na meán ar fad.

### **Tacaíocht don Rialtas agus seirbhísí poiblí**

**3.39** Le linn 2022, lean foireann an Rannáin Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais de thacaíocht a chur ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí agus do chomhghleacaithe laistigh den Chartlann Náisiúnta trí cheisteanna ar réimse fairsing saincheisteanna a fhreagairt. Orthu seo bhí rochtain ar thaifid, ceisteanna taighdeora maidir le bailiúcháin shonracha, tacaíocht do chartlannaithe Roinne agus d'fhoireann Roinne.

### **3.40 Le linn 2022, tionóladh cruinnithe leis na comhlachtaí seo a leanas:**

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- An tSeirbhís Cúirteanna
- An Bord Pleanála
- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Dlí agus Cirt
- Met Éireann
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Oifig an Ard-Aighne
- An Brainse Logainmneacha
- Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath

Chomh maith leis sin, d'óstáil baill foirne ón Rannán Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais toscaireacht ó Leabharlann Náisiúnta na Nua-Shéalainne le linn 2022. D'fhreastail an Cartlannaí Sinsearach agus cartlannaí, Aonad na dTaifead Reatha, ar Chomhdháil an Chumainn Bainistithe Faisnéise agus Taifead a tionóladh i nGlaschú ón 15–17 Bealtaine 2022. D'fhreastail an Coimeádaí, Bainistiú Digiteach agus an Cartlannaí Sinsearach, Bainistiú Digiteach ar cheardlann a d'óstáil Banc Ceannais Eorpach maidir le GDPR agus Cairteanna Staire a tionóladh in Frankfurt an 4 Samhain 2022. Thug an Coimeádaí, Bainistiú Digiteach, cur i láthair do mhic léinn ag tabhairt faoi Mháistreacht sa Stair i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta agus maidir leis an tábhacht atá le teacht a bheith ar thaifid phoiblí an 15 Samhain 2022.

Íomhá: Catalóga sa Seomra Léitheoireachta





# 04

## Cúram Bailiúchán

---

4.1-4.10	<b>Cairteanna a Stóráil agus a Chaomhnú</b>
4.11-4.15	<b>Cairteanna a Chaomhnú</b>

---



## Cairteanna a Stóráil agus a Chaomhnú

- 4.1** Is é ceann de na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ag an gCartlann Náisiúnta cairteanna a chaomhnú. Tá an tAonad Cúraim Bailiúchán freagrach as stóráil, caomhnú agus buanú sábháilte na gcairteanna. Cé go gcuirtear an cúram seo ar gach ball foirne sa Chartlann Náisiúnta, is iad Baill Foirne an Aonaid Chúraim Bailiúchán a chuireann an obair seo i gcrích go príomha agus teastaíonn tiomantas leanúnach d'acmhainní ina leith.
- 4.2** In 2022, chuimsigh baill foirne an Aonaid Chúraim Bailiúchán Caomhnóir Sinsearach agus Cartlannaí Sinsearach, beirt chartlannaithe, Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus triúr Oifigeach Cléireachais. Le linn 2022, bhí cartlannaí amháin ar saoire mháithreachais agus thosaigh cartlannaí eile i mbun oibre i mí Bealtaine 2022. Tá beirt oifigeach cléireachais a chuireann digitíú i gcrích. Chomh maith leis sin, glacann Oifigigh Seirbhíse páirt san obair a bhaineann le Cúram Bailiúchán trí chairteanna a chur ar sheilfeanna agus a athphacáil agus cairteanna a thabhairt amach as stóráil agus a chur ar ais i stóráil nuair atá siad ag teastáil ón bpobal lena n-úsáid sa Seomra Léitheoireachta agus nuair atá siad ag teastáil ó bhaill foirne. Bíonn Oifigigh Seirbhíse ar dualgas freisin ar urlár na talún chun fáilte a chur roimh chuirteoirí agus roimh chonraitheoirí agus chun cabhrú leo agus gabhann siad do dhualgais slándála agus sábháilteachta dóiteáin.
- 4.3** Stóráiltear cairteanna in áitreabh na Cartlainne Náisiúnta ar Shráid an Easpaig agus sna Ceithre Cúirteanna. Stóráiltear taifid freisin in áitreabh a fheidhmítear ar bhonn tráchtála agus i dtrádstóras sábháilte.
- 4.4** Cuireadh aistrithe bliantúla de thaifid ó Ranna Stáit agus ó chomhlachtaí eile a raibh tuairim is 1,743 bosca cartlainne iontu ar sheilfeanna sa taisclann i Sráid an Easpaig agus sa taisclann sna Ceithre Cúirteanna. In 2022, aistríodh 2,146 bhosca breise chuig áit stórála seachtrach chun spás seif a chruthú chun aistrithe bliantúla 2022 a thógáil isteach.

### Seirbhís Aisghairme

- 4.5** Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta agus na Rialacháin, tá cead ag Ranna Stáit agus ag na cúirteanna taifid arna n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta a fháil ar ais i gcás go mbeidh riachtanas oifigiúil gnó ann déanamh amhlaidh. In 2022, thóg Ranna 286 doiciméad ar ais.



Íomhá: Áiseanna caomhnaithe

## Obair Chaomhnúcháin

### 4.6

Déantar gach forshealbhúchán nua taifead a phacáil i mboscaí ar chaighdeán cartlannaíochta gan aigéad agus seiceáiltear iad sula gcuirtear ar sheilfeanna iad chun go seachnaítear aon riaráiste taifead arna chruthú sa todhchaí a mbeidh gá le beart ina leith. Tarlaíonn gnéithe den obair athphacála agus athchurtha i mboscaí go leanúnach i gcaitheamh na bliana. Déantar obair speisialta bhuanúcháin – lena n-áirítear cairteanna a chur i mboscaí – ar shealbhúcháin atá ann cheana freisin. Baineann tionscadail eile le seiceáil iomlán a dhéanamh ar bhailiúcháin agus iad a chur in iatáin agus i mboscaí nua ansin. Ar na tascanna oibre eile, áirítear doiciméid a réamhphacáil i mboscaí agus iad a mheasúnú maidir leis an obair ina leith agus faisnéis a ghabháil chun obair sa todhchaí a phleanáil. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann maidir le cairteanna a láimhseáil chun iad a chaomhnú.

Fuarthas boscaí cartlainne saincheaptha do Chomhaontuithe Iltaobhacha an Aontais Eorpaigh mar chuid den obair don chuimhneachán ar 50 bliain ó d'aontaigh Éire don Aontas Eorpach.

## Obair chaomhnúcháin sna Ceithre Cúirteanna

### 4.7

In 2022, leanadh de chairteanna a athphacáil i mboscaí ar caighdeán cartlainne atá saor ó aigéad. Áiríodh leis an obair seo doiciméid a bhí á gcoinneáil roimhe seo i mbearta nó i mbosca nach raibh ar caighdeán cartlainne.

### Seilflostú

- 4.8** Tá an obair a bhaineann le seilflostú chun ionad stórála doiciméad a thairfeadh bunriachtanach chun orduithe ar líne a éascú agus leanadh ar aghaidh le thairfeadh uathobrithe aistriú doiciméad sna limistéir stórála cairteanna i Sráid an Easpaig. Mar sin féin, tá dul chun cinn na hoibre sin á mhoilliú agus acmhainní foirne agus beidh tionchar ag moill ar shonraí ionaid a nuashonrú ar tháirgeadh thairfead don phobal sa Seomra Léitheoireachta.

### Faireachán Timpeallachta

- 4.9** Soláthraíonn córas faireacháin sonraí ardcháilíochta faoin teocht agus an bhogthaise choibhneasta sna láithreacha stórála.

### Micreascannáin chaomhnúcháin a stóráil

- 4.10** Déantar na máistirchóipeanna de mhicreascannáin caomhnúcháin de chuid na Cartlainne Náisiúnta a stóráil i saoráid stórála na RA atá lonnaithe i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige in Aberystwyth.



Íomhá: Ag féachaint ar chartlanna ar mhicreascannán

## Cairteanna a Chaomhnú

### Deisiú caomhnúcháin

- 4.11** Tacaíonn an tAonad Caomhnúcháin leis na gníomhaíochtaí lárnacha atá riachtanach chun bailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta a chaomhnú go fadtéarmach. Bhí dúshláin nach rabhtas ag súil leo ag baint leis an mbliain 2022 agus an post mar Choimeádaí Sinsearach folamh ar feadh ocht mí. Ina ainneoin sin, baineadh go leor spriocanna amach agus cuireadh obair chun cinn; áiríodh leis sin tacú le hobair an Aonaid Digitithe agus obair Sheirbhísí Poiblí maidir le hábhar a ullmhú do thaighde, athghrafaic agus taispeáint. Trí mhaoiniú ó Thaisce Thairfid Fíorúla na hÉireann agus ó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath, bhí caomhnóir tionscadail páirtaimseartha in ann naoi mí a chaitheamh ag obair ar na taifid a tarrtháladh i ndiaidh léirscrios Oifig Thairfid Phoiblí na hÉireann in 1922. Faoi mhaoirseacht an Choimeádaí Shinsearaigh, cuireadh méid suntasach oibre i gcrích ar réimse taifead a raibh damáiste déanta dóibh, ar trí sin arbh fhéidir ábhar na ndoiciméid a fháil ar ais.
- 4.12** Tá ról ríthábhachtach ag an Aonad Caomhnúcháin i ndáil le hoiliúint leanúnach a chur ar fáil do bhaill foirne i Ranna Rialtais maidir le cairteanna a láimhseáil agus a úsáid i gceart lena chinntiú go n-íoslaghdaítear an damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh do chairteanna. Áirítear leis sin treoir maidir le húsáid a bhaint as ábhar stórála ar caighdeán cartlainne agus na modhanna cearta chun cairteanna a stóráil.
- 4.13** Rinneadh cothabháil ar threalamh speisialaithe sna seomraí oibre caomhnúcháin, lena n-áirítear an córas faireachán timpeallachta don taisclann ar Shráid an Easpaig agus sna Ceithre Chúirteanna araon.
- 4.14** Leanadh den líonra a bunaíodh in 2020 le ceannairí na Rannóg Caomhnúcháin in Oifig Thairfid Phoiblí Thuaisceart Éireann, Taifid Náisiúnta na hAlban, Leabharlann Náisiúnta na hAlban agus Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige de chruinniú a thionóil uair sa mhí in 2022. Trí na cruinnithe gearra seo, cuirtear deis ar fáil faisnéis maidir le taighde a mhalartú agus dúshláin choiteanna maidir le cúram a thabhairt do bhailiúcháin a phlé.
- 4.15** Lean an rannchuidiú le gníomhaíochtaí caidrimh na Cartlainne Náisiúnta trí ailt a fhoilsiú i gcló agus ar líne, cur i láthair ag comhdhálacha agus ag ócáidí ar líne.

# 05

## Seirbhísí don Phobal

5.1–5.12	<b>An Seomra Léitheoireachta</b>
5.13–5.14	<b>Láithreáin Gréasáin</b>
5.15–5.18	<b>Daonáireamh 1926</b>
5.19–5.31	<b>An Clár Cuimhneacháin</b>
5.32–5.33	<b>Oideachas agus For-Rochtain</b>





## An Seomra Léitheoireachta

- 5.1** Is é an tAonad Seirbhísí Poiblí an t-aonad atá freagrach as cairteanna atá á sealbhú ag an gCartlann Náisiúnta a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal sa Seomra Léitheoireachta i gceannoifig na Cartlainne ar Shráid an Easpaig.

Bíonn an Seomra Léitheoireachta ar oscailt don phobal ón 10am go 1pm agus ón 2pm go 5pm, ó Luan go hAoine, ach amháin ar laethanta saoire poiblí. In 2022, chuimsigh an Fhoireann Seirbhísí Poiblí Cartlannaí Sinsearach le foireann de cheathrar cartlannaithe agus triúr Oifigigh Chléireachais. Chuaigh cartlannaí breise isteach san fhoireann Seirbhísí Poiblí i mí Bealtaine 2022.

Faoi láthair, is féidir iarratais Thicéad Léitheora a dhéanamh ar líne roimh chuairt a thabhairt. Rinneadh 2760 iarratas ar Thicéid Léitheora in 2022, ar méadú suntasach é ar 1032 Thicéad Léitheora a eisíodh le linn 2021.

### Líon na gcuairteanna

- 5.2** In 2022, ba é an líon iomlán taighdeoirí a d'úsáid an Seomra Léitheoireachta le linn na n-uaireanta oscailte ná 3756. Cuireadh isteach ar ár seirbhísí don phobal i dtús na bliana 2022 mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus an Seomra Léitheoireachta dúnta don phobal go dtí mí an Mhárta agus b'éigean do léitheoirí áirithint a dhéanamh go dtí mí Iúil le bheith i láthair.

### Úsáid na Seomra Léitheoireachta i gcomhair scannánaíochta

- 5.3** Fuarthas líon iarratas ó chuideachtaí léiriúcháin as Éirinn, as an Ríocht Aontaithe agus ón tSeapáin chun scannánaíocht a dhéanamh sa Seomra Léitheoireachta agus rinne baill foirne i Seirbhísí Poiblí éascaíocht orthu sin. Dréachtaíodh treoirínte maidir le scannánaíocht agus doiciméad beartais in 2022.

### Cairteanna a scrúdaíodh sa Seomra Léitheoireachta

- 5.4** In 2022, scrúdaigh léitheoirí 20688 doiciméad cartlainne ar an láthair sa Seomra Léitheoireachta. Is ionann sin agus méadú ar fhigiúr na bliana 2021 ar lena linn a scrúdaíodh 12475 doiciméad.

### **Cairteanna i stóras tráchtála a thabhairt ar aird**

- 5.5** In 2022, ordaíodh 1640 taifead cartlainne ó stóras lasmuigh den láthair i saoráid stórais tráchtála taifead lena n-úsáid ag léitheoirí sa Seomra Léitheoireachta. Baineann go leor oibre le cairteanna a fháil ó stóras lasmuigh den láthair: ní foláir iad a dhoiciméadú go cúramach agus baineann dlúthshaothair leis dá bharr sin. Cuireann sé moill ar rochtain thráthúil don phobal mar nach féidir cairteanna a thabhairt ar aird ar éileamh. Fágann sé doiciméid i mbaol réimse priacal timpeallachta le linn an idirthuais.

### **Cairteanna a chóipeáil**

- 5.6** In 2022, cóipeáladh 9741 doiciméad mar fhreagra ar iarratais ó léitheoirí. Tháinig méadú 74% ar an éileamh atá ar an tseirbhís seo ón mbliain 2021. Chomh maith leis sin, rinne léitheoirí cóipeanna de dhoiciméid trí úsáid a bhaint as ghairis phearsanta.

### **Cóipeanna deimhnithe**

- 5.7** Le linn 2022, cuireadh 590 ordú i gcrích agus tugadh freagra ar 328 bpíosa comhfhreagrais maidir le ceisteanna a bhain le horduithe tiomnaithe.

### **Táillí cóipeála**

- 5.8** Leagtar amach na táillí cóipeála go léir sna Rialacháin um Chartlann Náisiúnta (Táillí), 2012. Tá saoráidí íocaíochta cárta ann do dhaoine a thagann chuig an Seomra Léitheoireachta i bpearsa agus táthar ag súil le roghanna a scrúdú chun íocaíocht ar líne a dhéanamh le linn 2023.

- 5.9** Rinne an Cartlannaí Sinsearach agus na cartlannaithe i Stóráil agus Caomhnú Cairteanna bainistiú ar an seoladh ríomhphoist tiomnaithe maidir le bainistiú a dhéanamh ar iarratais ar íomhánna a fhoilsiú, cóipcheart a fháil orthu agus a cheadúnú.

### **An tSeirbhís Ghinealais**

- 5.10** Le linn 2022, lean an tSeirbhís Ghinealais de sheirbhís saor in aisce ar líne a sholáthar. Bhí an-spéis ag an bpobal sa tseirbhís chomhairleach ar líne i gcónaí agus fuarthas ceisteanna ó dhaoine aonair ar dócha nach mbeadh deis acu riamh cuairt a thabhairt ar an gCartlann Náisiúnta chun dul i gcomhairle le ginealeolaí i bpearsa. Cuireadh tús leis an tseirbhís i bpearsa arís i lár na bliana i ndiaidh di bheith curtha ar fionraí mar gheall

ar an bpaindéim Covid-19. Bhain 458 duine den phobal leas as an tseirbhís idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag agus iad ag tabhairt cuairte ar an gCartlann Náisiúnta.

### **Fiosruithe ón bpobal**

- 5.11** Dhéileáil cartlannaithe i Seirbhísí Poiblí le 5366 fiosrú in 2022. Den chuid is mó, is trínár gcóras bainistithe fiosruithe a fuarthas na fiosrúcháin, ar féidir leis an bpobal leas a bhaint as trínár láithreán gréasáin. Gabhtar leis an bhfigiúr seo freisin na fiosrúcháin a fhaightear tríd an bpost.

### **Na Meáin Shóisialta**

- 5.12** Baineadh go leor úsáide as cuntais meán sóisialta na Cartlainne Náisiúnta ar Twitter (@NARireland) agus Instagram (@NARireland) araon le linn 2022 chun an pobal a choinneáil ar an eolas maidir le leanúnachas seirbhíse agus ár ngníomhaíochtaí comórtha agus caidrimh. Tháinig méadú ar an dá chuntas i gcónaí in 2022. Tháinig méadú 16.25% go dtí 18.6K ar an lucht leanúna ar Twitter agus tháinig méadú 74.5% go 6,562 ar an lucht leanúna ar Instagram.

## **Láithreáin Gréasáin**

- 5.13** Taifeadadh 8, 476,745 chuairt ar – [www.nationalarchives.ie](http://www.nationalarchives.ie) – láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta. Is iad an 5 thír bhunaidh is mó do chuirteoirí ar ár láithreán gréasáin ná Éire, an Ríocht Aontaithe, SAM, an Astráil agus Ceanada. B'ionann an líon iomlán cuairteoirí ar líne chuig an taispeántas fíorúil maidir leis an gConradh ag [www.nationalarchives.ie/2021commemorationprogramme/treaty-virtual-tour](http://www.nationalarchives.ie/2021commemorationprogramme/treaty-virtual-tour) agus 3,150 cuairteoir aonair do mhí na Nollag 2022.
- 5.14** Tá roinnt limistéir ar ár láithreán gréasáin ina léirítear obair Sheirbhísí Poiblí, ócáidí caidrimh, nuacht agus forbairt bailiúcháin. Leis an gcainéal YouTube, féadfar aon taifeadadh ar ócáid a leabú sa láithreán.

## **Daonáireamh 1926**

- 5.15** I mí na Samhna 2022, d'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, go ndéanfar na

tuairisceáin ar leith ó Dhaonáireamh 1926 a fhoilsiú ar líne, agus go mbeidh siad inchuadaithe agus saor in aisce i mí Aibreáin 2026. Is é an Chartlann Náisiúnta a thabharfaidh faoin tionscadal.

- 5.16** Ba é Daonáireamh 1926 an chéad daonáireamh dár tugadh faoi i ndiaidh bhunú an Stáit. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) faisnéis a cruthaíodh tríd an daonáireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le daonra, aois, post, creideamh, tithíocht agus an Ghaeilge.
- 5.17** D'fhógair an tAire leithdháileadh €5m don Chartlann Náisiúnta chun tús a chur leis na tuairisceáin aonair ón daonáireamh a chaomhnú, a thras-scríobh agus a dhigitiú lena scaoileadh go ginearálta. Tá an beartas seo i leith rochtain oscailte ag teacht le Straitéis fhoriomlán an Rialtais um Shonraí Oscailte agus tá acmhainn ar leith ag baint leis maidir le comparáid a dhéanamh idir sonraí roimh 1922 agus na sonraí ó 1926, tráth a raibh athrú claochlaitheach ag tarlú in Éirinn.
- 5.18** Is é an Chartlann Náisiúnta a thabharfaidh faoi Daonáireamh 1926 a dhigitiú i ndlúthchomhar leis an CSO – na comhlachtaí atá freagrach as an daonáireamh faoi láthair agus a bheidh freagrach as amach anseo. Cuirfear tús leis an tionscadal a phleanáil i dtús na bliana 2023.



Jomhá: An tAire Catherine Martin TD agus Orlaith McBride, Stiúrthóir

## An Clár Cuimhneacháin

**5.19** Reáchtáladh 35 imeacht i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear taispeántais, léachtaí ar líne, imeachtaí i bpearsa agus athchruthú drámatúil, ar tríothu sin ar fad a comóradh imeachta suntasacha staire le linn 2022. Tríd an leibhéal imeachtaí ardchaighdeáin, chuaigh an Chartlann Náisiúnta i dteagmháil le breis agus 64,000 duine den phobal, i bpearsa agus mar dhaoine den lucht spéise araon.

### **An taispeántas ‘An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann’**

**5.20** Reáchtáladh imeacht foirmiúil sna Seomraí Stáit, Caisleán Bhaile Átha Cliath ag 6pm an 23 Márta chun clár an taispeántais a sheoladh agus camchuart réigiúnach an taispeántais maidir leis an gConradh a fhógairt. D’fhreastail thart ar 100 duine ar an imeacht lena áiríodh sínithe leabhar agus óráidí ó Orlaith McBride, an Dr Maurice Manning agus an Dr John Gibney. Cuireadh 1,000 cóip den chlár taispeántais *The Treaty, 1921: Records from the Archives* i gcló, a foilsíodh i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann. Tá an leabhar as cló faoi láthair.

### **An chamchuart réigiúnach**


**5.21** D’éirigh leis an taispeántas ‘An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann’, dul ar camchuart i gCill Mhantáin, Tiobraid Árann, Dún na nGall, Luimneach agus Corcaigh idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2022. Thug 7,267 duine cuairt ar an taispeántas le linn na tréimhse deich seachtaine. Bhí an chamchuart réigiúnach ar an gcéad tionscadal for-rochtana ag an gCartlann Náisiúnta i gcomhpháirtíocht le cartlanna údarais áitiúla. Chomh maith leis sin, cuireadh an taispeántas i láthair ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ón 20–22 Meán Fómhair agus thug 2,500 cuairt air i gcaitheamh na tréimhse trí lá.

### **Acmhainn foghlama maidir leis an gConradh**

#### **5.22**

Cruthaíodh acmhainn foghlama maidir leis an taispeántas faoin gConradh do mheánscoileanna i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scoilnet. Cuireadh an acmhainn ar fáil ar líne i mí Aibreáin chun gabháil le camchuart an taispeántais faoin gConradh agus chun tacú le hobair rannpháirtíochta ghaolmhar chomhpháirtithe údaráis áitiúla le scoileanna. Cuireadh an acmhainn ar fáil i gcrúachóip freisin agus dháil an Roinn Oideachais í ar bhreis agus 700 meánscoil in Éirinn.

Íomhá: 'An Conradh 1921: Taifid ón gCartlann'



### **An léacht ‘An Chartlann Náisiúnta – Cuimhne an Náisiúin’**

**5.23**

An 12 Bealtaine, reáchtáladh an t-imeacht seo sa Chúirt Achomhairc ar lena linn a bhí léachtaí arna dtabhairt ag an mBreitheamh Hedigan maidir le feidhm na Cartlainne Náisiúnta agus ina dhiaidh sin ag Orlaith McBride agus comhaltaí NAAC an Dr Elizabeth Mullins, an Dr Natalie Harrower, agus an Dr Hiram Morgan. Chríochnaigh sé le seisiún Ceisteanna agus Freagraí gairid leis an lucht éisteachta. Rinneadh beosruthú ar an ócáid.

### **An taispeántas ‘Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann: Scéal Foirgnimh’**


**5.24**

Rinneadh taispeántas de ghrianghraif, pleananna agus líníochtaí ailtireachta, léarscáileanna agus ingearchlónna, ábhar físe agus taifid tharrtháilte a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann agus sheol an tAire Martin é an 30 Meitheamh chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí ar an 30 Meitheamh 1922. Cuireadh an taispeántas ar siúl i gCartlann Ailtireachta na hÉireann, 45 Cearnóg Mhuirfean Thoir ón 1 Iúil go dtí an 19 Lúnasa 2022 agus thug 447 duine cuairt air. Cruthaíodh físeán a coimisiúnaíodh go speisialta chun gabháil leis an taispeántas ar féidir breathnú air ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta ag [www.nationalarchives.ie/article/public-record-office-of-ireland-the-story-of-a-building](http://www.nationalarchives.ie/article/public-record-office-of-ireland-the-story-of-a-building).



**Íomhá:** An tAire Catherine Martin TD agus Orlaith McBride, Stiúrthóir

Iomhán: Dialanna Mhichíl Uí Choileáin, foilsíú agus taispeántas



## Dialanna Mhichíl Uí Choileáin, 1918–1922

### 5.25

I mí an Samhna 2021, thug teaghlach a nia Liam, nach maireann, agus Betty Collins, Cloich na Coillte, Corcaigh, dialanna Mhichíl Uí Choileáin 1918–1922 ar iasacht go hoifigiúil don Chartlann Náisiúnta. Rinneadh cóireáil caomhnaithe agus buanaithe ar na dialanna, mar aon le próiseáil chartlainne agus digitiú, agus bhí an cúig dhialann ar fad ar fáil le breathnú orthu ar ghaireas scáileán tadhail a suiteáladh i bhforhalla na Cartlainne Náisiúnta ón 30 Meán Fómhair.

Chomh maith leis sin, cuireadh na dialanna digitithe ar taispeánt bhuan in larsmalann Theach Mhichíl Uí Choileáin i gCloich na Coillte ar iarratas theaghlach Uí Choileáin agus bhí dialanna na mblianta 1921 agus 1922 ar fáil le breathnú orthu ón 30 Iúil go dtí an 4 Meán Fómhair 2022 ar lena linn a bhreathnaigh 8,762 duine orthu.

## Foilseachán

### 5.26

I gcomhpháirtíocht le hAcadamh Ríoga na hÉireann, d'fhoilsigh an Chartlann Náisiúnta *Days in the life: reading the Michael Collins diaries, 1918–1922* leis an Dr Anne Dolan agus an Dr William Murphy an 22 Lúnasa chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó fuair an Coileánach bás. Ba é New Graphic a dhear an foilseachán agus cuireadh 4,500 cóip (160lch, clúdach cru) i gcló. Bhain poiblíocht mhaith leis an leabhar, lena áiríodh taispeántas fuinneoige in Hodges Figgis agus ó dháta a fhoilsithe i leith, rinneadh breis agus 4,000 cóip a dháileadh ar shiopaí leabhar agus a dhíol ar líne.

## Imeacht an 6 Deireadh Fómhair

### 5.27

Mar chuid d'Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath, chuaigh Anne Dolan agus



William Murphy i mbun comhrá le Diarmaid Ferriter maidir le *Days in the life: reading the Michael Collins diaries, 1918–1922* ag Acadamh Ríoga na hÉireann.

### 'Coiste Bunreachta 1922: Athléiriú Drámatúil'

#### 5.28

Chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó ghlac Dáil Éireann le Bunreacht Shaorstát Éireann ar an 25 Deireadh Fómhair 1922, chuir an Chartlann Náisiúnta agus Seirbhís Chúirteanna na hÉireann imeacht uathúil i láthair: athléiriú drámatúil ar imeachtaí an Choiste Bhunreachta 1922. Bhí an léiriú amharclannaíochta seo – arna fhorbairt, arna léiriú agus arna stiúradh ag Geoff Gould ó Blood in the Alley Productions – bunaithe ar na taifid agus insíodh scéal an choiste. Tabhaíodh é i Svúit an Bhunreachta in Óstán Shelbourne os comhair lucht féachana ar tugadh cuireadh dóibh bheith i láthair. Rinneadh beoshruthú ar an imeacht seo agus tá taifeadadh mar aon le clár idirghníomhach ar fáil ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.

Íomhá: 'The 1922 Constitution Committee: A Dramatic Re-enactment'




## Clár faisnéise RTÉ

### 5.29

Coimisiúnaíodh clár faisnéise dhá chuid i gcomhar le RTÉ chun iniúchadh a dhéanamh ar léirscrios Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann agus ar an scéal a bhaineann le náisiún a thógáil le 100 bliain anuas trí úsáid a bhaint as taifid na Cartlainne Náisiúnta. Coimisiúnaíodh Midas Productions trí phróiseas glao oscailte agus craolfar an clár mar chuid de sceideal an fhómhair in 2023.

Iomhán: 'Reperforming State Memory -  
Work in Progress', John Beattie



## Ealaíontóir Cónaithe

### 5.30

Lean an tEalaíontóir Cónaithe, John Beattie, i mbun a chuid oibre sa Chartlann Náisiúnta agus é ag déanamh iniúchadh ar thuiscintí nua ar ábhar cartlainne a bhaineann leis an tréimhse 1921–1923 trí shaothar ealaíne nua agus uathúil a chruthú.

In 2022, rinne John Beattie obair atá idir lámha a chur i láthair sa Chartlann Náisiúnta agus reáchtáladh é le linn mhíonna an tsamhraidh. Bhí an tsuiteáil físeán trí scáileán mar aon le cur i láthair ilmheáin ar oscailt don phobal. Rinneadh físeán gearr coimisiúnaithe lenar clúdaíodh an chónaitheacht



Íomhá: An Tánaiste Leo Varadkar agus Orlaith McBride, Stíúrtóir

a léiriú mar chuid den taispeántas faoin obair atá idir lámha. Rinne an t-ealaíontóir an obair atá idir lámha dá chuid a chur i láthair os comhair an phobail i gcoitinne le linn Oíche an Chultúir. Leanfar dá chónaitheacht i gcaitheamh na bliana 2023.

### **An Taoiseach agus an Tánaiste ar cuairt**

#### **5.31**

Chun comóradh a dhéanamh ar 50 bliain ó síníodh an Conradh Aontachais chun dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i mí Eanáir 1972, thug An Taoiseach, Micheál Martin TD cuairt ar an gCartlann Náisiúnta chun breathnú ar thaifid agus doiciméid ábhartha agus ar an gConradh féin.

I mí na Nollag 2022, thug an Tánaiste Leo Varadkar TD cuairt ar an gCartlann Náisiúnta chun breathnú ar dhialanna Mhichíl Uí Choileáin chomh maith le taifid a bhaineann le Comhaontú Aoine an Chéasta, mar aon leis an gComhaontú féin.

## Oideachas agus For-Rochtain

- 5.32** Trínár gClár Oideachais agus For-rochtana, leanadh de theagmháil a dhéanamh le réimsí éagsúla lucht spéise in 2022 trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha a chuir feabhas ar chaighdeán ár n-áiseanna ar líne freisin. D'eagraigh an Chartlann Náisiúnta ceithre cinn déag de léachtaí ar líne le thart ar 1,632 duine rannpháirteach sna himeachtaí agus 865 duine ag freastal orthu, de bhreis ar chainteanna míosúla a thabhairt ar líne do chomhpháirtithe seanbhunaithe, lena n-áirítear Club Cultúir Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- 5.33** Bhí srian á chur fós le cuairteanna i ngrúpaí chuig an gCartlann Náisiúnta in 2022 ach ina ainneoin sin d'óstáil an fhoireann Seirbhísí oiblí cuairteanna ó mhic léinn tríú leibhéal d'fhonn ár rannpháirtíocht a choimeád ag imeacht. Cuireadh ocht gcuairt a bhain le topaic ar leith ar fáil do bhreis agus 60 mac léinn, nár thug cuid mhaith díobh cuairt ar an gCartlann cheana, agus a bhí dírithe ar an modh chun taighde a dhéanamh agus bailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta a rochtain.

Íomhá: Pacáiste acmhainní oideachais do dhaltaí dara leibhéal



An Chartlann Náisiúnta  
National Archives

## Anglo-Irish Treaty Document Resource Pack

### WHAT'S NEW?

An exciting and dynamic learning resource on the Anglo-Irish Treaty of 1921 has just been produced by the National Archives in partnership with the Department of Education!



# 06

## Áiseanna Fála agus Digitíú

---

6.1–6.6

**Áiseanna Fála**

---

6.7–6.11

**Cairteanna a Dhigitíú**



## Áiseanna Fála

- 6.1** Is ceann de phríomhfheidhmeanna na gcartlannaithe san Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne áiseanna fála a chruthú lena ndéantar faisnéis thuairisciúil a sholáthar maidir le taifid chartlainne agus chun cuardach agus aisghabháil a éascú d'úsáideoirí agus don fhoireann. Cuirtear na háiseanna fála sin ar fáil i gcóip chrua sa Seomra Léitheoireachta agus ar líne ar an láithreán gréasáin.
- 6.2** Baintear úsáid sa Chartlann Náisiúnta as bogearraí catalógaithe ar leith chun an obair a dhéantar lena háiseanna fála a bhainistiú, lena n-áirítear iad a sheachadadh go díreach ón gcóras catalógaithe go dtí láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.
- 6.3** Tá roinnt gníomhaíochtaí a dhéantar sa Chartlann Náisiúnta a bhaineann le háiseanna fála a ullmhú, ó thuairiscí a leathnú agus comhthéacs a chur ag gabháil le taifid arna n-aistriú ag Ranna agus na cúirteanna, bailiúcháin de chairteanna nach raibh catalógaithe cheana a liostú agus áiseanna leagáide fála i gcruachóip a aistriú go dtí formáid dhigiteach. Déantar an obair sin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe idirnáisiúnta na Comhairle Idirnáisiúnta um Chartlanna, ISAD(G), Treoirlínte na hÉireann maidir le Tuairisc Chartlainne agus treoir stíle eagarthóireachta na Cartlainne Náisiúnta.
- 6.4** Le linn 2022, lean baill foirne san Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne de leas a bhaint as an lá amháin den tseachtain ag obair sa bhaile chun ullmhú d'áiseanna fála do chruachóipeanna leagáide a iompú chuig formáid dhigiteach. Tríd an gcleachtas ar cuireadh tús leis in 2020 le linn na paindéime Covid-19, beifear in ann sonraí a uaslódáil chuig an gcatalóg ar líne ar an láithreán gréasáin, ar trí sin a mbeidh teacht níos fearr ar bhailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta.

Go ginearálta, ní féidir go leor de na háiseanna fála do chairteanna de chuid Ranna Stáit ón gcéad uair a scaoileadh taifid in 1992 agus do thaifid ó Oifig na Stát-Pháipéar agus Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann a fháil le breathnú orthu ach amháin i bhformáid chlóschríofa sa Seomra Léitheoireachta. Ar an dóigh chéanna, níl fáil ar fhormhór na n-áiseanna fála do shealbhúcháin phríobháideacha ach amháin i bhformáid chruachóipe. Mar sin féin, le linn 2022, rinne foireann a bhí ag obair go cianda ón mbaile áiseanna fála a bhaineann le go leor sealbhúcháin phríobháideacha agus luath-thaifid de chuid an Stáit a athiontráil.<sup>8</sup>


## Oifig an Phríomh-Rúnaí, Páipéir Chláraithe (CSO/RP)

### 6.5

I mí an Mhárta 2020, cuireadh i gcrích an tionscadal seo lena ndearnadh catalógú ar shraith Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí in Éirinn ar cuireadh tús leis le maoiniú a fuarthas faoi thiomnacht ó Francis J Crowley. Mar sin féin, trí mhaoiniú leanúnach ón tiomnacht, fostaíodh cartlannaí conarthaí i dtreo dheireadh na bliana 2022 chun Tuarascálacha Uafáis an Phríomh-Rúnaí don bhliain 1834 a phróiseáil agus a chatalógú.<sup>9</sup>

### 6.6

Chomh maith leis sin, rinne beirt chartlannaithe ón Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne taifid ó Pháipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí a phróiseáil agus a chatalógú lá amháin in aghaidh na seachtaine. Leanadh ar aghaidh le tionscadal liostaithe na bPáipéir Cláraithe 1917–1924 leis na taifid do 1918 agus leis na taifid do 1923, 1924 freisin agus leis na taifid do 1917 a aistríodh le gairid. Chomh maith leis sin, cuireadh tús an athuir le hobair ar na Tuarascálacha Uafáis don bhliain 1834.<sup>10</sup>



Íomhá: Ag úsáid cártaí innéacs sa Seomra Léitheoireachta

<sup>9</sup> Rinne baill foirne na Cartlannaíochta agus Seirbhísí Rialtais c17,130 cur síos ar leith a athiontráil agus iad ag obair sa bhaile 2022.

<sup>9</sup> Bhí an cartlannaí ar conradh ina phost ó lár mhí Dheireadh Fómhair go dtí gur fhág é i mí na Nollag 2022. D'ullmhaigh sé 260 cur síos ar leith do 4,272 doiciméad. Táthar ag súil go leanfar leis an gconradh seo in 2023 le cartlannaí nua.

<sup>10</sup> Reáchtáladh an tionscadal seo ó mí Iúil go mí Mheán Fómhair 2022 nuair a dhíríonn cartlannaithe ar aistrithe bliantúla ó Ranna Stáit a phróiseáil. I gcaitheamh deich lá, ullmhaíodh CSO/RP 1833 Tuarascálacha Uafáis, 68 cur síos ar leith de 1,406 doiciméad.





Íomhá: Doiciméid chartlainne á ndigitíú

## Cairteanna a Dhigiú

### 6.7

#### **An tAonad Digitithe**

Tá clár maidir le tionscadail bheaga scanta forbartha don Aonad Íomháithe Dhigitigh intí. Déanann an t-aonad freisin íomhánna ardaifeacha a chruthú chun iad a fhoilsiú, a thaispeáint agus lena n-úsáid sna meáin.

### 6.8

#### **Bhí na nithe seo a leanas ar áireamh sna cairteanna a ndearna an tAonad Íomháithe Dhigitigh íomháu orthu in 2022:**

- Íomhánna ardaifeacha le haghaidh foilseacháin arna iarraidh chuige sin, lena n-áirítear ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Post agus don Atlas of Irish Sport
- Íomhánna ardaifeacha le haghaidh taispeántas, lena n-áirítear ‘Oifig Thairfid Phoiblí na hÉireann: Scéal Foirgnimh’
- Doiciméid arna roghnú chun críocha na meán sóisialta

### 6.9

#### **Tionscadal digitithe**

#### **Le linn 2022, thug conraitheoirí faoi thionscadal ó Archives Ireland chun an méid a leanas a dhigiú:**

- Miontuairiscí Rialtais ó 1922–1957 (TSCH/1)
- An Coiste Bunreachta (DE/9)
- Páipéir de chuid Robert Barton (PRIV1093)

Chomh maith leis sin, bhí catalógú agus digitiú sraith mhór iarratas ar dheontais ó Choimisinéirí an Oideachais Náisiúnta in Éirinn sa 19ú haois (ED/1) ag baint leis an obair a chuirfear i gcrích in 2023.

### 6.10

#### **Léitheoirí micreascannán**

I mí Mheán Fómhair 2022, suiteáladh dhá léitheoir nua micreascannán sa Seomra Léitheoireachta.

# 07

## Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint

7.1-7.13	<b>Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint</b>
7.14-7.15	<b>lasacht le Haghaidh Taispeántas</b>



## **An Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta**

- 7.1** Bhunaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán a bhí in oifig an tráth sin an Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 1998. San áireamh ina téarmaí tagartha tá fóram a chur ar fáil chun smaointe agus taithí a roinnt agus scrúdú a dhéanamh ar réimsí comhoibríthe idir na forais. Is iad Stiúrthóirí nó Príomh-Fheidhmeannaigh na bhforas seo a leanas comhaltaí na Comhairle: Amharclann na Mainistreach, an Chomhairle Ealaíon, Leabharlann Chester Beatty, Dánlann Crawford, an Chomhairle Oidhreachta, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta, an Ceoláras Náisiúnta, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, an Leabharlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- 7.2** Is é an Stiúrthóir a dhéanann ionadaíocht ar an gChartlann Náisiúnta ar an gComhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta.
- 7.3** Tá roinnt grúpaí oibre éagsúla curtha ar bun ag an gComhairle ar a bhfuil comhaltaí ó fhoireann na bhforas.

### **Bhí an Chartlann Náisiúnta ionadaitheach ar na grúpaí oibre seo a leanas:**

- Caomhnú
- Foghlaim agus Oideachas
- Digitiú agus Catalógú

### **Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

- 7.4** Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá faoiseamh ó cháin ar fáil maidir le nithe a bhfuil tábhacht leo ó thaobh oidhrecht náisiúnta na hÉireann de a bhronnadh ar bhailiúcháin náisiúnta na hÉireann. Is éard atá san fhaoiseamh creidmheas cánach atá ar cóimhéid le luach an ní/ na nithe a bhfuil tábhacht oidhreachta leo arna bhronnadh agus is féidir leis an deontóir an méid sin a chur mar chreidmheas in aghaidh dliteanas áirithe cánach arna dtabhú aige nó aici. “Comhlachtaí Ceadaithe” a thugtar ar na bailiúcháin náisiúnta faoin reachtaíocht. Is iad sin:
- An Chartlann Náisiúnta
  - Dánlann Náisiúnta na hÉireann
  - Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
  - Ard-Mhúsaem na hÉireann
  - Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
  - Dánlann Crawford, Corcaigh

Lean an Stiúrthóir de bheith ag freastal thar ceann na Cartlainne Náisiúnta ar chruinnithe de Choiste Alt 1003.

- 7.5** In 2022, lean an Chartlann Náisiúnta de bheith páirteach i gcomhoibriú maidir le cartlanna leis an Aontas Eorpach, go háirithe trí bheith rannpháirteach sna comhlachtaí seo thíos.

### **Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta**

- 7.6** Is comhlacht saorálach é Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta ar a bhfuil Cartlannaithe Náisiúnta Bhallstáit an AE a thagann le chéile faoi dhó gach bliain sa stát a shealbhaíonn Uachtaránacht an AE de thuras na huaire. D'fhreastail an Stiúrthóir ar dhá chruinniú le linn 2022.

### **An Grúpa Eorpach um Chartlanna**

- 7.7** Bunaíodh An Grúpa Eorpach um Chartlanna (EAG) ar scór an Mholta ón gComhairle Eorpach an 14 Samhain 2005 chun an comhoibriú i réimse na gcartlanna a mhéadú. Tá an Grúpa comhdhéanta d'aon ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ó gach ceann de na chúig institiúid AE. Déanann an Chomhairle Eorpach cathaoirleacht air agus soláthraíonn Ardrúnaíocht an Choimisiúin an rúnaíocht. D'fhreastail an Stiúrthóir ar dhá chruinniú den EAG in 2022.

### **Ceannasaithe Caomhnúcháin na hEorpa**

- 7.8** Is grúpa neamhfhoirmiúil é an grúpa seo atá comhdhéanta de cheannasaithe buanúcháin agus caomhnúcháin i gcartlanna náisiúnta Bhallstáit AE agus tíortha gaolmhara. D'fhreastail an Caomhnóir Sinsearach ar chruinniú amháin ar líne den ghrúpa in 2022.

### **Fóram na Fondúireachta um Shaolré Doiciméad a Bhainistiú**

**7.9**

Fóram DLM a tugadh air tráth a bhunaithe in 1997 agus is é is ról aige scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun an riarachán poiblí agus an tionscal TFC a chur ag obair i gcomhar chun taifid dhigiteacha a chaomhnú. Tacaíonn Coimisiún na hEorpa agus cartlanna poiblí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh le hobair Fhóram na Fondúireachta um Shaolré Doiciméad a Bhainistiú. Ón mbliain 2002 i leith, is comhlacht neamhspleách atá ann le comhaltaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach san Eoraip. Leagann sé amach caighdeán agus treoirlínte laistigh de na disciplíní a dhéileálann le cairteanna, taifid agus bainistiú ar shaolré doiciméad. Le linn 2022, d'fhreastail an Coimeádaí agus an Cartlannaí Sinsearach, Bainistiú Digiteach ar roinnt seimineár gréasáin agus ar an Cruinniú Cinn Bliana a tionóladh ar líne.

### **Doiciméid maidir le Beartas Eachtrach na hÉireann**

**7.10**

Is tionscadal i gcomhpháirt é seo idir an Chartlann Náisiúnta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Foilsíonn an tionscadal rogha doiciméad a bhaineann le beartas eachtrach na hÉireann gach dara bliain. Is sa Chartlann Náisiúnta atá sé bunaithe agus ionadaíocht ag an gCartlann Náisiúnta ar an mBord Comhairleach Eagarthóireachta. In 2022, leanadh ar aghaidh le taighde don tréimhse 1965–1969 agus foilsíodh Imleabhar XIII ina raibh doiciméid ó na blianta sin i mí na Samhna 2022.

### **Cartlann Coimhlinte ar an Idirlíon (CAIN)**

**7.11**

Ón mbliain 2012 i leith, thacaigh an Chartlann Náisiúnta le seirbhís gréasáin CAIN de chuid Ollscoil Uladh maidir le rogha doiciméid a bhaineann leis an gcoimhlint i dTuaisceart Éireann atá i gcartlann Rialtas na hÉireann a dhigitiú agus a scaipeadh. D'oibrigh baill foirne ó Ollscoil Uladh agus ón gCartlann Náisiúnta i gcomhar lena chéile ar thionscadal chun rochtain saor in aisce a chur ar fáil ar thaifid chartlainne bunaidh digitithe de chuid Rialtas na hÉireann atá á gcoimeád ag an gCartlann Náisiúnta a bhaineann leis an gcoimhlint i dTuaisceart Éireann. Roghnaíodh beagnach 1,000 doiciméad ó bhreis agus 320 comhad lena ndigitiú sa bhliain 2022 a chlúdaíonn na blianta ó 1995 go 1998. Roghnaíodh an t-ábhar seo go príomha ó thaifid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus ó Roinn an Taoisigh.

## Taisce Thaifid Fhíorúla na hÉireann

### 7.12

Mar chuid de Chlár Náisiúnta Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023 bhí Beyond 2022 ina thionscadal taighde ina ndearnadh obair chun an t-ábhar cartlainne Stáit a scriosadh mar gheall ar an tine in 1922 a athchruthú go digiteach. Mar chomhpháirtí lárnach sa tionscadal, d'oibrigh baill foirne na Cartlainne Náisiúnta le foireann an tionscadail trí faisnéis chomhthéacsúil a chur ar fáil maidir le scrios na taisclainne agus trí ábhar cartlainne a tháinig slán ón tine a aithint.

Chomh maith leis sin, thug siad comhairle maidir le leagan amach, tagair agus cur síos ar an ábhar cartlainne a bhí á choimeád ag PROI agus cuir siad íomhánna digiteacha de dhoiciméid bhunaidh ar fáil. Bhí baill foirne caomhnúcháin agus digitithe a d'oibrigh ar an tionscadal lonnaithe sa Chartlann Náisiúnta agus iad ag obair ar thaifid tharrtháilte. Chomh maith leis sin, ghlac baill foirne de chuid na Cartlainne Náisiúnta páirt i líon gníomhaíochtaí for-rochtana sna míonna roimh an seoladh agus lena linn. Ón tráth a seoladh é i mí an Mheithimh 2022, bhí an pobal in ann taiscéalaíocht a dhéanamh ar athchruthú d'Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann agus ar na bailiúcháin atá ann trí acmhainn ar líne atá saor in aisce, buan agus ag méadú.

**Íomhá:** Athbhreithniú ar bun ar obair chaomhnaithe Thaifid Tharrthála 1922







Íomhá: Taifid ón gCartlann Náisiúnta

## Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

### 7.13

Mar chuid den tionscadal Taifid Tharrtháilte 1922, chuir cartlannaí ón Aonad Bainistithe Doiciméad catalógú 120 beart de dhoiciméid a ndearnadh damáiste dóibh i gcrích. Tríd an obair seo, cuireadh deireadh leis an tionscadal arna maoiniú ag IMC ar cuireadh tús leis in 2021.

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta *ex officio* de Bhord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

## Iasacht le Haghaidh Taispeántas

### Músaem Phríosún Chill Mhaighneann

- 7.14** Ó 1996 i leith, tá clárlann amháin de ghéibheannaigh Phríosún Chill Mhaighneann ar iasacht ón gCartlann Náisiúnta chuig Músaem Phríosún Chill Mhaighneann chun críocha taispeántais. Déanann an Chartlann Náisiúnta faireachán ar stóráil an imleabhair sin i rith na tréimhse iasachta agus cuireadh scrúdú i bpearsa i gcrích ar an gclárlann in 2022.

### Ard-Mhúsaem na hÉireann

- 7.15** Is iad Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann (GSI) agus an Chartlann Náisiúnta atá i mbun coimeádaíochta ar an taispeántas ‘Down to Earth – Exploring Ireland’s Geology’ i gcomhar lena chéile. Osclaíodh é i nDún Uí Choileáin i mí Mheán Fómhair 2021 agus cuirfear deireadh leis i mí na Samhna 2023. Lean an Caomhnóir Sinsearach i mbun tacaíocht a thabhairt d’iasacht pictiúr uiscedhatha sobhriste an GSI trí mhaoirseacht a dhéanamh ar na líníochtaí solasmhothálacha a bhí ar taispeáint i mí Bealtaine agus mí na Samhna 2022 a shuí agus a rothlú.



# Foscúbhinn A – Forshealbhúcháin 2022

Aistriú taifead roimh 1993 ó Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit lena scaoileadh i gcomhair iniúchadh poiblí faoin rial 30 bliain: ráiteas staide ar an 31 Nollaig 2022

## Tábla 1

Aistriú na dtaifead ó Ranna Rialtais chuig an gCartlann Náisiúnta lena scaoileadh i gcomhair iniúchadh poiblí faoin rial 30 bliain: ráiteas staide ar an 31 Nollaig 2022

An Roinn/Roinn An	Taifid sa Chartlann Náisiúnta	Taifid atá le haistriú	Taifid na bliana is déanaí a aistríodh
Taoiseach	1919 to 1992	Aistrithe curtha i gcrích.	2022
Talmhaíochta, Bia agus Mara	1899 go dtí na 1960í	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1960í go dtí 1992 fós le réiteach.	2021 (aistriú i bpáirt)
Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	1922 go 1962; 1972 go 1992	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1950í go dtí na 1990í fós le réiteach.	2022 (aistriú i bpáirt)

### An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige (féach an Roinn Sláinte)

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	1845 go dtí na 1970í	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1950í go dtí 1992 fós le réiteach.	2011 (aistriú i bpáirt)
Cosanta	1922 go 1991	Aistrithe faighte ag an gCartlann Mhíleata. (an áit taiscthe oifigiúil faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986).	Neamhbhainteach
Oideachais	1831 go dtí na 1980í	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1900í go dtí 1992 fós le réiteach.	2020 (aistriú i bpáirt)

## Tábla 1 Leanúnach

An Roinn/Roinn An	Taifid sa Chartlann Náisiúnta	Taifid atá le haistriú	Taifid na bliana is déanaí a aistríodh
Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	1838 go dtí na 1970í	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1960í go dtí 1992 fós le réiteach.	2016 (aistriú i bpáirt)
Airgeadais	1922 to 1989	Transfers incomplete. Records from 1990–1992 are outstanding, in addition to a portion of records from the 1920s to 1989.	2022 (partial transfer)
Gnóthaí Eachtracha	1919 go 1992	Aistrithe curtha i gcrích.	2022
<b>An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (féach an Roinn Oideachais)</b>			
Sláinte	Na 1920í go 1989.	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1950s go 1992 fós le réiteach.	2022 (aistriú i bpáirt)
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	1922 go 1976	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1960í go 1992 fós le réiteach.	2009 (aistriú i bpáirt)
Dlí agus Cirt	1918 go 1989	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1920í go 1944, agus ó 1969 go 1989 aistrithe.	2022 (aistriú i bpáirt)
<b>Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe (féach an Roinn Airgeadais)</b>			
Coimirce Sóisialaí	1919 go 1991	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1920í go 1944, agus ó 1969 go 1989 aistrithe.	2022 (aistriú i bpáirt)
Iompair	1922 go 1990	Níl aistrithe curtha i gcrích. Taifid ó na 1970í go 1992 fós le réiteach.	2022 (aistriú i bpáirt)

## Tábla 2

Aistriú taifead ó na Cúirteanna chuig an gCartlann Náisiúnta lena scaoileadh i gcomhair iniúchadh poiblí faoin rial 30 bliain: ráiteas staide ar an 31 Nollaig 2022

Cúirt	An bhliain is déanaí de thaifid sa Chartlann Náisiúnta	Taifid atá le haistriú	Taifid na bliana is déanaí a aistríodh
An Chúirt Uachtarach	1991	1992	2022
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	1972	1973–1992	1990
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	1968	1969–1992	1987
An Ard-Chúirt	1970	1971–1992	2000
Oifig Phrohbháide	1991	1992	2017
Cúirteanna Cuarda	1990	<p>Aistrithe curtha i gcrích: An Cabhán, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Chainnigh, an Longfort, Lú, Maigh Eo, Muineachán, Sligeach, Tiobraid Árann, an Iarmhí agus Loch Garman.</p> <p>Aistrithe nár cuireadh i gcrích: Ceatharlach, an Clár, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Cill Dara, Laois, Liatroim, Luimneach, an Mhí, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Port Láirge agus Cill Mhantáin.</p>	2014
Cúirteanna Dúiche	1996	<p>Aistrithe curtha i gcrích: An Cabhán, Corcaigh, Gaillimh, Cill Dara, Cill Chainnigh, Lú, Muineachán, Sligeach agus Tiobraid Árann.</p> <p>Aistrithe nár cuireadh i gcrích: Ceatharlach, an Clár, Baile Átha Cliath, Liatroim, Maigh Eo agus Port Láirge.</p> <p>Gan aistriú ar bith: Dún na nGall, Ciarraí, Laois, Luimneach, an Longfort, an Mhí, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, an Iarmhí, Loch Garman agus Cill Mhantáin.</p>	2013

## Tábla 3

Comhlachtaí a liostaítear i sceideal an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 a choinníonn taifid atá incháilithe ar aistriú, ach atá faoi réir ag Ordachán ón Aire den bhliain 1992 lena gcuirtear an riachtanas maidir le taifid a aistriú faoin riail 30 bliain ar fionraí mar gheall ar shrianta cóiríochta sa Chartlann Náisiúnta

Ainm an chomhlachta	Nithe a tugadh faoi deara
Oifig an Ard-Rúnaí don Uachtarán	Aistrithe suas le 1992 curtha i gcrích, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
Oifig an Ard-Aighne (lena n-airítear Oifig an Dréachtóra Parlaiminte, Oifig Athchóirithe agus Chomhdhlúite an Dlí Reachtuil agus Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit)	Taifid don tréimhse 1922–1992 aistrithe, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	Taifid don tréimhse ó na 1920í–1962 aistrithe, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
An Phríomh-Oifig Staidrimh	Daonáireamh 1926, 1936, 1946 agus taifid daonáirimh pháirteacha do 1951 aistrithe, ach tá cosc ar iniúchadh poiblí i bhfeidhm ina leith ar feadh 100 bliain faoin Acht Staidrimh, 1997. Rinneadh taifid riaracháin ó 1901–1947 a aistriú in 2019.
An Chomhairle um an gChartlann Náisiúnta	Tá taifid maidir le 1987–1992 incháilithe ar aistriú.
An Chartlann Náisiúnta	Níor aistríodh taifead ar bith. Tá taifid ón réamhtheachtaí, Oifig na dTaifead Poiblí agus Oifig na Stát-Pháipéar, 1867–1988 agus ón gChartlann Náisiúnta, 1988–1992 incháilithe.
Ard-Mhúsaem na hÉireann (lena n-airítear Músaem Stair an Dúlra)	Níor aistríodh taifead ar bith. Áit taiscthe faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
Oifig an Phámháistir Ghinearálta	Níor aistríodh taifead ar bith.
Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí	Ghlac an Chartlann Náisiúnta le taifid do na blianta 1973–1984 lena gcumhdach. Níor athbhreithníodh na taifid seo i gcomhair iniúchadh poiblí. In 2018, fuarthas aistriú i bpáirt maidir le comhaid riaracháin a bhain go príomha le buiséadú agus airgeadas ó 1927–1985.
An Coiste Coigiltis Náisiúnta	Níor aistríodh taifead ar bith.

## Tábla 3 Leanúnach

Ainm an chomhlachta	Nithe a tugadh faoi deara
Na Coimisinéirí Ioncaim	Tá taifid a bhaineann leis an tréimhse ón 19ú haois go dtí 1992 incháilithe. Aistríodh taifid ón mBrainse Reachtaíochta agus Staidrimh, ón mBrainse Stampála, Sraith PS (Rúnaí Priobháideach) agus Custaim agus Mál in 2020.
Na Coimisinéirí Achomhairc (Cáin Ioncaim)	Níor aistríodh taifead ar bith.
Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí	Aistríodh taifid ó dheireadh an 18ú haois go dtí na 1970í. Tá méid de thaifid atá incháilithe ar aistriú fós leis an OPW.
An tSaotharlann Stáit	Níor aistríodh taifead ar bith.
Suirbhéireacht Ordanáis	Aistrithe de dhoiciméid mhapála suas leis na 1870í agus taifid riaracháin suas leis na 1920í curtha i gcrích. Tá na taifid riaracháin ar fad ó na 1920í mar aon le foirgneamh iomlán atá lán de thaifid mhapála ó dheireadh an 19ú haois go dtí lár an 20ú haois fós ag Suirbhéireacht Ordanáis.
An Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann	Taifid de luachálacha suas chomh fada le 1865 agus taifid riaracháin ilchineálacha (1830–tús an 20ú haois) curtha i gcrích. Tá méid an-mhór de dhoiciméid ó lár na 1800í go dtí an lá atá inniu ann a choinneáil go fóill ag an Oifig Luachála. Aistríodh taifid maidir le Achomhairc Tosaigh chuig an gCoimisinéir Luachála, 1975–1992 agus Comhaid Achomhairc na gCúirteanna Cuarda, 1907–1986 in 2022.
Oifig Stáiseanóireachta	Níor aistríodh taifead ar bith.
Gasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair níos Airde san Earnáil Phoiblí	Níor aistríodh taifead ar bith.
Coiste Comhairleach na Seirbhíse Poiblí	Níor aistríodh taifead ar bith.
Boird Eadrána na Státseirbhíse	Níor aistríodh taifead ar bith.
Coimisinéirí na Státseirbhíse	Ghlac an Chartlann Náisiúnta le taifid don tréimhse 1927–1970í lena gcumhdach ach níor athbhreithníodh iad i gcomhair iniúchadh poiblí.
Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla	Ghlac an Chartlann Náisiúnta le taifid don tréimhse 1927–1970í lena gcumhdach ach níor athbhreithníodh iad i gcomhair iniúchadh poiblí.
An Garda Síochána	Níor aistríodh taifead ar bith.
Clárlann na Talún	Níor aistríodh taifead ar bith.



## Tábla 3 Leanúnach

Ainm an chomhlachta	Nithe a tugadh faoi deara
Clárlann na nGníomhas	Níor aistríodh taifead ar bith. Cuimsíonn taifid incháilithe na blianta 1708–1992.
Príosúin agus Foras Naomh Pádraig	Aistríodh taifid ar príosúin dhúnta ó 1795 go 1922 mar aon le Príosún Mhuinseo go dtí na 1970í. Níor aistrigh aon chomhlacht eile aon taifid iar-1922.
Oifig Scrúdóir na Scannán	Aistríodh taifid ó na 1920í go 1990, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
Bord Achomhairc um Scrúdaitheoireacht Scannán	Aistríodh taifid ó na 1920s go 1977, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
An Bord um Chinsireacht Fhoilseachán	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Bord Achomhairc um Chinsireacht Fhoilseachán	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla	Níor aistríodh taifead ar bith.
Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomna Déirciúla	Aistríodh taifid ón 19ú haois go lár an 20ú haois.
An Chomhairle um Thruailliú Uisce	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Binse Cíosa	Níor aistríodh taifead ar bith.
An tSeirbhís Náisiúnta Daonchumhachta	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Chúirt Oibreachais	Aistríodh taifid ó 1946 go 1980.
Na Coimisinéirí um Chearta	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Binse Achomhairc Fostaíochta	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Binse Achomhairc Tobhach	Níor aistríodh taifead ar bith.
Oifig Chlárúcháin na gCuideachtaí	Aistríodh comhaid de chuid chuideachtaí scortha suas chomh fada le 1986, d'ainneoin Ordachán ón Aire 1992.
Oifig na bPaitinní	Níor aistríodh taifead ar bith.

## Tábla 3 Leanúnach

Ainm an chomhlachta	Nithe a tugadh faoi deara
Clárann na gCara-Chumann	Féach faoi Oifig Chlárúcháin na gCuideachtaí thuas.
An Coimisiún Cleachtas Srianta	Níor aistríodh taifead ar bith.
Oifig an Scrúdaitheora um Chleachtais Srianta	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Coimisiún Náisiúnta Praghsanna	Níor aistríodh taifead ar bith.
Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí	Níor aistríodh taifead ar bith.
Clárann na gCumann Foirgníochta	Níor aistríodh taifead ar bith.
Comhairle Tomhaltóirí Éireann	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Bord Comhairleach um Árachas Gluaisteán	Níor aistríodh taifead ar bith.
An Coimisiún Dumpála	Níor aistríodh taifead ar bith.
Coimisiún na Talún	Féach faoin Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i dTábla 1.
Binse Achomhairc Choimisiún na Talún	Níor aistríodh taifead ar bith.
Iontaobhaí Poiblí Choimisiún na hÉireann	Níor aistríodh taifead ar bith.
Óglaigh na hÉireann	Níor aistríodh taifead ar bith. Áit taiscthe faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
Bord na nArm-Phinsean	Níor aistríodh taifead ar bith. Áit taiscthe faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
An Phríomh-Oifig Chlárúcháin	Níor aistríodh taifead ar bith.
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an Oifig Ginealais san áireamh)	Níor aistríodh taifead ar bith. Áit taiscthe faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	Níor aistríodh taifead ar bith. Áit taiscthe faoi Alt 14 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

# Foscríbhinn A – Forshealbhúcháin 2022

Taifid a sealbhaíodh ó Ranna Rialtais agus  
Oifigí Stáit le linn 2022

## Tábla 1

Taifid a sealbhaíodh ó Ranna Rialtais le linn 2022

Uimhir Shealbhúcháin	An Roinn	Cur síos
2022/74	Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	Seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar, 1941–1997.
2022/27	Airgeadais	Éilimh ar chúiteamh a rinneadh faoi Chonradh Versailles, 1911–1929.
2022/28	Airgeadais	Éilimh ar chúiteamh a rinneadh faoi Choiste Cúitimh Angla-Éireannach (Éire) agus faoi Choiste Cúitimh Shaorstát Éireann (Éire), 1918–1955.
2022/26	Airgeadais	Éilimh ar chúiteamh ón gCoiste Reibiliúin (Íospartaigh) a bhaineann le Éirí Amach 1916.
2022/23	Gnóthaí Eachtracha	Comhaid na Príomhchlárlainne (HQ), comhaid chláráithe c1992.
2022/24	Gnóthaí Eachtracha	Comhaid ó Oifig an Ard-Rúnaí, 1920–1992.
2021/51	Gnóthaí Eachtracha	An Rannóg Angla-Éireannach, comhaid chláráithe c1997.
2021/52	Gnóthaí Eachtracha	An Rannóg Angla-Éireannach, comhaid chláráithe c1998.
2022/69	Gnóthaí Eachtracha	Ard-Chonsalacht na hÉireann chuig Chicago, SAM, 1933–1942.
2021/76	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hAstráile, 1982–1991.
2022/38	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Beilge, 1968–1992.
2022/68	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun Ceanada, 1980–1986.
2022/39	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hÉigipte, 1979–1992.

## Tábla 1 Leanúnach

Uimhir Shealbhúcháin	An Roinn	Cur síos
2022/52	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Fraince, 1944–1992.
2022/37	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Gearmáine, 1973–1992.
2022/43	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráine, 1984–1993.
2022/36	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráice, 1990–1992.
2022/35	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Seapáine, 1974–1993.
2021/112	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Laitvia, 1991.
2022/88	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Polainne, 1967–1993.
2022/53	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Spáinne, 1973–1988.
2022/40	Gnóthaí Eachtracha	Buan-Mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, An Ghinéiv, 1965–1992.
2022/41	Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun an tSuí Naofa, 1958–1993.
2022/42	Gnóthaí Eachtracha	Ard-Chonsalacht na hÉireann chuig Nua-Eabhrac, SAM, 1940–1967.
2022/54	Gnóthaí Eachtracha	Buan-Mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, Nua-Eabhrac, SAM, 1957–1993.
2022/80	Gnóthaí Eachtracha	An Rannóg Polaitíochta maidir leis an gComhdháil Impiriúil, 1919–1937.
2022/59	Sláinte	Sraith 'A' maidir le cúram sláinte institiúide a sholáthar, 1942–1989.
2021/113	Dlí agus Cirt	Sraith H229 maidir le daoine ar iarraidh, 1921–1944.
2019/89	Dlí agus Cirt	Sraith H4 maidir le hiarratais ar phas, 1915–1932.
2022/79	Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1987–1999.
2022/76	Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1939–2000.
2022/77	Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1977–2001.
2022/78	Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1965–2002.
2022/75	Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1950–1997.

## Tábla 1 Leanúnach

Uimhir Shealbhúcháin	An Roinn	Cur síos
2021/82	Cosanta Sóisialaí	Comhaid ón Rúnaíochta Phleanála, 1970–1991.
2022/1	Taoisigh	Comhaid ‘S’ ón bPríomhchlárlann a bhaineann le 1992 go príomha.
2022/81	Taoisigh	An Rannóg um Thuaisceart Éireann, comhaid chláráithe c1996.
2022/82	Taoisigh	An Rannóg um Thuaisceart Éireann, comhaid chláráithe c1997.
2022/83	Taoisigh	An Rannóg um Thuaisceart Éireann, comhaid chláráithe, c1998.
2022/84	Taoisigh	An Rannóg um Thuaisceart Éireann, comhaid chláráithe c1999.
2022/4	Taoisigh	Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte, 1998–2000.
2022/85	Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	Comhaid ón Rannóg um na hEalaíona, Scannánaíocht agus Infheistíocht, 1930–1992.
2022/29	Iompair	Comhaid ó Oifig na Suirbhéireachta Muirí, 1926–1959.

---

## Tábla 2

Taifid a sealbhaíodh ó Chomhlachtaí  
Sceidealta le linn 2022

<b>Uimhir Shealbhúcháin</b>	<b>An Comhlacht Sceidealta</b>	<b>Cur síos</b>
2022/31	Oifig an Ard-Aighne	Comhaid chláraithe atá bainteach le hábhar (SR), 1992.
2022/30	Oifig an Ard-Aighne	Comhaid Angla-Éireannacha, 1973–2000.
2022/65	Oifig an Ard-Rúnaí don Uachtarán	Comhaid a bhaineann le 1991 go príomha.
2022/66	Oifig an Ard-Rúnaí don Uachtarán	Comhaid a bhaineann le 1992 go príomha.
2022/19	An Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann	Comhaid Achomhairc ó Oifigí Cuarda de chuid na hOifige Luachála, 1976–1992.
2022/44	An Coimisinéir Luachála agus an Príomh-Shuirbhéir Teorann	Comhaid maidir le hAchomhairc Tosaigh chuig an gCoimisinéir Luachála, 1975–1992.

---

## Tábla 3

Taifid a sealbhaíodh ó Oifigí Cúirte agus Clárlanna  
Probháide le linn 2022

2013/59	<b>An Chúirt Uachtarach</b>	Comhaid chláraithe, 1958–1991.
	An Ard-Chúirt	Gan aistriú ar bith.
	Cúirt Chuarda	Gan aistriú ar bith.
	Cúirt Dúiche	Gan aistriú ar bith.

## Uirlisí aimsithe a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta le linn 2022

Roinn/Oifig	Cur síos	Uimhir thagartha
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta [Tionscadail agus Tráchtála roimhe seo]	Sraith 'TIA' na Rannóige Árachais, 1922–1964.	2008/34
Airgeadais	Sraith 'F' na Rannóige Airgeadais, 1926–1996.	2017/62
Airgeadais	Sraith 'S' na Rannóige Soláthair, 1945–1948.	2018/21
Airgeadais	Sraith 'S' na Rannóige Soláthair, 1940–1987.	2018/22
Airgeadais	Sraith 'S' na Rannóige Soláthair, 1934–1996.	2018/24
Airgeadais	Sraith 'S' na Rannóige Soláthair, 1924–1980.	2018/25
Airgeadais	Sraith 'F' na Rannóige Airgeadais, 1966–1982.	2019/80
Gnóthaí Eachtracha	Comhaid Angla-Éireannacha, 1975–1990.	2021/44
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Seapáine, 1972–1991.	2021/87
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráine, 1978–1993.	2022/43
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hÉigipte, 1979–1992.	2022/39
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráice, 1990–1992.	2022/36
Gnóthaí Eachtracha	Oifig an Ard-Rúnaí, 1983–1991.	2021/77
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun an tSuí Naofa, 1977–1991.	2021/67
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hÍsiltíre, 1967–1984.	2019/170
Gnóthaí Eachtracha	Buan-Mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, An Ghinéiv, 1974–1989.	2019/121
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Laitvia, 1991.	2021/112
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráine, 1976–1994.	2021/86
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hÉigipte, 1985–1990.	2021/85
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na hIaráice, 1973–1990.	2021/84
Gnóthaí Eachtracha	Ard-Chonsalacht na hÉireann chuig Chicago, SAM, 1967–1989.	2019/118
Gnóthaí Eachtracha	Ambasáid na hÉireann chun na Beilge, 1950–1989.	2019/113
Sláinte	Cuntais Iontaobhais Scuabgheall Ospidéal na hÉireann, 1975–1988.	2018/119

## Uirlisí aimsithe a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta le linn 2022

Roinn/Oifig	Cur síos	Uimhir thagartha
Sláinte	Taifid airgeadais Thithe na mBocht, 1925–1949.	2018/120
Sláinte	Cuntais Sanatóirí Réigiúnacha, 1945–1969.	2018/79
Dlí agus Cirt	Comhaid na Seirbhíse Leasa, 1971–1975.	2007/141
Dlí agus Cirt	Comhaid Phríomhchlárlann Bhord Ginearálta na bPríosún, 1868–1932.	2018/73
Dlí agus Cirt	Comhaid díbeartha agus aisdúichithe, 1929–1962.	2018/94
Dlí agus Cirt	Tuairisceáin faoi shraith an Achta Anatamaíochta, 1909–1933.	2019/145
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1973–1991.	2021/101
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1989–1992.	2021/102
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1992–1993.	2021/103
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1985–1994.	2021/104
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1995.	2021/105
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1925–1996.	2021/106
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1988–1998.	2021/107
Dlí agus Cirt	Comhaid ón Rannóg um Shlándáil agus Thuaisceart Éireann, 1965–1999.	2021/108
Dlí agus Cirt	Sraith H229 maidir le daoine ar iarraidh, 1921–1944.	2021/113
Oifig an Ard-Aighne	Comhaid Angla-Éireannacha, 1998.	2021/89
Oifig an Ard-Aighne	Comhaid chláraithe atá bainteach le hábhar, 1980–1991.	2021/42
Oifig An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	Taifid maidir le hiniúchóireacht, soláthar foirne agus riarachán, 1895–1991.	2001/73
Coimirce Sóisialaí	Ceisteanna Parlaiminte, 1948–1976.	2006/156
Coimirce Sóisialaí	Comhaid chláraithe, 1958–1975.	2006/77
Taoisigh	Príomhchlárlann, aistriú bliantúil taifead 2021, 1944–1993.	2021/1
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1996–1998.	2021/100



## Uirlisí aimsithe a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta le linn 2022

Roinn/Oifig	Cur síos	Uimhir thagartha
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1983–1992.	2021/93
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1986–1993.	2021/94
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1992–1994.	2021/95
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1979–1996.	2021/96
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1990–1996.	2021/97
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1995–1997.	2021/98
Taoisigh	Comhaid na Rannóige um Thuaisceart Éireann, 1993–1999.	2021/99
Iompair	Comhaid chláráithe na Rannóige um Innealtóireacht Mhuirí, 1946–1997.	2018/92
Iompair	Sraith riaracháin maidir le Teicneolaíocht Faisnéise, 1979–1990.	2020/4
Iompair	Comhaid airgeadais, 1944–1990.	2021/75

## Foscríbhinn B: Deimhnithe diúscartha a eisíodh in 2022

Tagairt na Cartlainne Náisiúnta	Roinn	Rannóg	Cainníocht	An dáta a eisíodh
NAD/2020/13	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	Cosaint Sonraí: comhaid cásanna maidir le hiarratas duine ar a shonraí.	2,000	01/03/2022
NAD/2020/25– NAD/2020/28	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	An Rannóg Cánacha Gnó: comhaid cásanna.	850,287	01/03/2022
NAD/2020/29– NAD/2020/31	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	An Rannóg Cánacha Pearsanta: comhaid cásanna.	1,891,500	01/03/2022
NAD/2021/21	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	Taifid an Aonaid Bainistíochta Faisnéise.	—	11/10/2022
NAD/2022/1– NAD/2022/38	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Sheirbhís Chorparáideach.	—	06/04/2022
NAD/2022/39	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Pinsean na nDall: comhaid cásanna.	—	04/04/2022
NAD/2022/40	An Roinn Coimirce Sóisialaí	An Liúntas Náisiúnta Breosla: comhaid cásanna.	12,900	04/04/2022
NAD/2022/41	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Teaghlach Aontuismitheora: taifid ó scéimeanna leagáide.	10,000	04/04/2022
NAD/2022/42	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Taifid maidir le Pinsean Neamhranníochach Baintreacha mná, baintreacha fir nó Páirtithe Sibhialta Marthanacha.	—	04/04/2022
NAD/2022/43 & NAD/2022/49– NAD/2022/52	An Roinn Sláinte	Foirmeacha aimsithe paisinéirí Covid-19.	—	08/02/2022
NAD/2022/44– NAD/2022/48	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú Iomaíochta agus Cumaisc.	—	06/04/2022
NAD/2022/53	Oifig Luachála	Taifid maidir le cuntasáocht airgeadais.	13 bosca baincéara	19/05/2022

## Leanúnach

Tagairt na Cartlainne Náisiúnta	Roinn	Rannóg	Cainníocht	An dáta a eisíodh
NAD/2022/54	Oifig Luachála	Comhaid REPS [uiríll].	—	23/05/2022
NAD/2022/55– NAD/2022/66	Oifig Luachála	Taifid maidir le cuntasáíocht airgeadais.	52 bosca baincéara	23/05/2022
NAD/2022/67– NAD/2022/71	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Beartas & Cúrsaí Idirnáisiúnta.	—	20/06/2022
NAD/2022/72	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú Coiriúil.	—	20/06/2022
NAD/2022/73– NAD/2022/75	An Roinn Sláinte	Coraintín Éigeantach in Óstán: taifid maidir le híocaíochtaí a chur ar athlá.	—	15/06/2022
NAD/2022/76– NAD/2022/94	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Sheirbhísí Corparáideacha.	—	20/06/2022
NAD/2022/95– NAD/2022/102	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú Iomaíochta agus Cumaisc.	—	26/09/2022
NAD/2022/103– NAD/2022/111	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú Coiriúil.	—	26/09/2022

## Leanúnach

Tagairt na Cartlainne Náisiúnta	Roinn	Rannóg	Cainníocht	An dáta a eisíodh
NAD/2022/112– NAD/2022/123	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige Cumarsáide.	—	27/09/2022
NAD/2022/124– NAD/2022/133	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Chosaint Tomhaltóirí.	—	29/09/2022
NAD/2022/134– NAD/2022/136	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Shábháilteacht Táirgí.	—	29/09/2022
NAD/2022/137– NAD/2022/141	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Imscrúduithe Digiteacha.	—	29/09/2022
NAD/2022/142	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige Seirbhísí Díl.	—	29/09/2022
NAD/2022/143– NAD/2022/148	Óglaigh na hÉireann	Taifid Riaracháin.	—	05/09/2022
NAD/2022/149	An Roinn Airgeadais	Taifid Riaracháin.	30 bosca baincéara	20/07/2022
NAD/2022/150– NAD/2022/160	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú lomaíochta agus Cumaisc.	—	26/09/2022
NAD/2022/161– NAD/2022/161	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Chosaint Tomhaltóirí.	—	29/09/2022
NAD/2022/163– NAD/2022/164	An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid maidir le Saoráil Faisnéise.	—	14/09/2022
NAD/2022/165 & NAD/2022/178	An Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	Taifid an Aonaid um Bainistiú Faisnéise.	—	11/10/2022
NAD/2022/166	An Roinn Airgeadais	Taifid maidir le hÍocaíochtaí a phróiseáil.	1,500 bosca baincéara	20/07/2022

## Leanúnach

Tagairt na Cartlainne Náisiúnta	Roinn	Rannóg	Cainníocht	An dáta a eisíodh
NAD/2022/168– NAD/2022/172	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	Comhaid leagáide de chuid na Rannóige.	2,250	19/09/2022
NAD/2022/173	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Fhorfheidhmiú Coiriúil.	—	26/09/2022
NAD/2022/174– NAD/2022/176	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	Taifid na Rannóige um Chosaint Tomhaltóirí.	—	29/09/2022
NAD/2022/177	Oifig Luachála	Comhaid athbhreithnithe.	10,000	08/08/2022
NAD/2022/181– NAD/2022/184	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Taifid maidir le Ceadúnú Easpórtála.	—	08/12/2022
NAD/2022/185– NAD/2022/195 & NAD/2022/197	An Roinn Iompair	Taifid maidir le Cáin Cláraithe Feithiclí.	11,350,000	20/09/2022
NAD/2022/198– NAD/2022/199	Oifig na nOibreacha Poiblí	Taifid maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	50	16/11/2022
NAD/2022/200	An Roinn Sláinte	An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin: taifid riaracháin.	—	08/12/2022
	An Roinn Sláinte	An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin: Comhaid cásanna maidir leis an tSeirbhís Oilíúna agus Socrúcháin.	CEAD DIÚSCARTHA DIÚLTAITHE	08/11/2022
	An Roinn Sláinte	An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin: taifid rannóige.	CEAD DIÚSCARTHA DIÚLTAITHE	08/11/2022



**Sráid an Easpaig**  
**Baile Átha Cliath 8**  
**D08 DF85, Éire**

Bishop Street  
Dublin 8  
D08 DF85, Ireland

+353 1 4072 300  
[query@nationalarchives.ie](mailto:query@nationalarchives.ie)

 @NARIreland

 @NARIreland